# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 305

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

25 Samhain 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2300 ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha maidir le bunú creata faireacháin agus meastóireachta le haghaidh chlár Fiscalis chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais** ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2301 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 lena socraítear an chonair líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2023 do gach Ballstát a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh ar a chríoch féin atá idirnasctha go díreach lena limistéar margaidh** ([1]) ..... 5

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2302 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 maidir le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe** ..... 9

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2303 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 ón gCoimisiún lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha d'fhoilsiú fógraí sa réimse soláthair phoiblí** ([1]) ..... 12

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2304 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2022 lena n-ainmnítear saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach** ([1]) ..... 51

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2305 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2022 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí ísealriosca Ola éisc a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún** ([1]) ..... 53


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

**GA**

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNTÍ

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2306 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 lena ndeonaítear maoluithe do Bhallstáit áirithe i ndáil le tarchur staidrimh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le staidreamh maidir le saoráidí cúraim sláinte, acmhainní daonna cúraim sláinte agus úsáid cúraim sláinte** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8341)* ([1]) ..... 58

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2307 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179 a mhéid a bhaineann le bandaí minicíochta 5 150-5 250 MHz, 5 250-5 350 MHz agus 5 470-5 725 MHz a ainmniú agus a chur ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha teicniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8313)* ([1]) ..... 63

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2300 ÓN gCOIMISIÚN

**an 30 Lúnasa 2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha maidir le bunú creata faireacháin agus meastóireachta le haghaidh chlár Fiscalis chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear clár "Fiscalis" chun comhar a dhéanamh i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/847 liostaítear na táscairí chun tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn chlár Fiscalis a bhunaítear leis an Rialachán sin ("an Clár") i maidir le baint amach na gcuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2) den Rialachán sin.

(2) Cé go bhfuil na táscairí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/847 oiriúnach chun faireachán bliantúil a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht, ní féidir faireachán cuimsitheach agus meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh go leormhaith leis na táscairí sin ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí an Chláir maidir le baint amach a chuspóirí sonracha. Dá bhrí sin, ba cheart táscairí breise a leagan síos mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta. Ba cheart aschuir, torthaí agus tionchair an Chláir a thomhas leis na táscairí sin.

(3) Chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí lena ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar an gClár ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach, agus go mbaileofar go tráthúil iad, ba cheart ceanglais tuairiscithe chomhréireacha a fhorchur lena seachnaítear tuairisciú dúbailte agus lena n-íoslaghdaítear ualaí riaracháin.

(4) Chun ailíniú a áirithiú le tús na tréimhse tuairiscithe atá nasctha le creat faireacháin agus meastóireachta an Chláir, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán Tarmligthe seo, ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Táscairí an chreata faireacháin agus meastóireachta agus na ceanglais tuairiscithe**

1. Agus faireachán agus meastóireacht á ndéanamh ar an gClár i gcomhréir le hAirteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) 2021/847, úsáidfear na táscairí seo a leanas mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta:

(a) na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/847;

(b) na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, lena dtomhaisfear aschuir, torthaí agus tionchair an Chláir.

([1]) IO L 188, 28.5.2021, lch. 1.

2. Déanfar na táscairí dá dtagraítear i mír 1 a thomhas go bliantúil, seachas na táscairí tionchair dá dtagraítear i bpointí (1)(a) agus (3) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, ar táscairí tionchair iad a ndéanfar a thomhas gach 2 bhliain agus mar chuid de na meastóireachtaí eatramhacha agus deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/847.

3. Ar éileamh ón gCoimisiún, cuirfidh faighteoirí chistí an Chláir sonraí agus faisnéis a bhaineann leis na táscairí dá dtagraítear i mír 1 chuig an gCoimisiún, ar táscairí agus faisnéis iad atá ábhartha chun rannchuidiú leis an gcreat faireacháin agus meastóireachta.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Lúnasa 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Liosta táscairí breise maidir le creat faireacháin agus meastóireachta Chlár Fiscalis dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) 2021/847**

A. *Táscairí aschuir*

(1) Forbairt na gcomhpháirteanna comhchoiteanna de na Córais Leictreonacha Eorpacha:

(a) an líon tionscadal teicneolaíochta faisnéise (TF) ag an gcéim thosaigh;

(b) an líon tionscadal TF ag an gcéim fhorghníomhaithe;

(c) cion na dtionscadal TF a bhfuil a gcostais iarbhír mar a bhí beartaithe;

(d) cion na dtionscadal TF a bhfuil stádas "glas" acu i gcomhréir leis na ceanglais dá bhforáiltear sa Phlean Straitéiseach Ilbhliantúil le haghaidh Cánachais.

(2) Cur i gcrích na gcomhpháirteanna comhchoiteanna de na Córais Leictreonacha Eorpacha:

(a) an líon tionscadal TF a cuireadh i mbun táirgthe mar a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais;

(b) cion na gcomhpháirteanna comhchoiteanna de na Córais Leictreonacha Eorpacha a cuireadh i gcrích de réir amlíne an Phlean Straitéisigh Ilbhliantúil le haghaidh Cánachais;

(c) an líon athbhreithnithe a rinneadh ar na hamlínte chun na comhpháirteanna comhchoiteanna de na Córais Leictreonacha Eorpacha a chur i gcrích.

(3) Iontaofacht na gCóras Leictreonach Eorpach (acmhainn an Líonra Cumarsáide Choitinn).

(4) Iontaofacht seirbhísí tacaíochta TF:

(a) cion na dticéad "teagmhas" a réitíodh in am;

(b) sástacht úsáideoirí leis na seirbhísí tacaíochta arna soláthar.

(5) Leibhéal tacaíochta maidir le fothú acmhainneachta a soláthraíodh trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha (cáilíocht na ngníomhaíochtaí comhoibríocha).

(6) Leibhéal feasachta ar na Cláir.

B. *Táscairí toraidh*

(1) Leibhéal comhleanúnachais reachtaíochta cánach agus beartais cánach agus a gcur i bhfeidhm (rannchuidiú comhpháirteanna comhchoiteanna nua de na Córais Leictreonacha Eorpacha le cur chun feidhme comhleanúnach dhlí agus bheartas an Aontais a éascú).

(2) Úsáid Príomhchóras Leictreonach Eorpach a bhfuil sé d'aidhm acu idirnascacht agus malartú faisnéise a mhéadú (an líon teachtaireachtaí ó chóras go córas a mhalartaítear).

(3) Leibhéal comhair oibríochtúil idir na húdaráis náisiúnta:

(a) rannchuidiú comhpháirteanna comhchoiteanna nua de na Córais Leictreonacha Eorpacha le héascú comhair oibríochtúil idir údaráis náisiúnta;

(b) an líon úsáideoirí gníomhacha ar an ardán comhair ar líne;

(c) an líon idirghníomhaíochtaí ar an ardán comhoibríoch;

(d) sástacht úsáideoirí leis an ardán comhair ar líne.

(4) Feidhmíocht oibríochtúil na n-údarás náisiúnta:

(a) rannchuidiú comhpháirteanna comhchoiteanna nua de na Córais Leictreonacha Eorpacha le feidhmíocht oibríochtúil na n-údarás náisiúnta a fheabhsú;

(b) rannchuidiú aschur gníomhaíochtaí comhoibríocha agus aschuir ghníomhaíochtaí inniúlachta an duine le feidhmíochta na n-údarás náisiúnta a fheabhsú.

C. *Táscairí tionchair*

(1) Forbairt chosaint leasanna airgeadais agus leasanna eacnamaíocha an Aontais agus na mBallstát:

(a) bearna chánach breisluacha mheasta;

(b) rannchuidiú comhair riaracháin le leasanna airgeadais na mBallstáit a chosaint.

(2) Rannchuidiú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú (an líon cásanna maidir le réamhshárú agus sárú i ndáil le cánachas).

(3) Forbairt iomaíochas an Aontais agus iomaíochta córa laistigh den Aontas (tuairisceáin chánach nó measúnuithe a réamhlíonadh).

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2301 ÓN gCOIMISIÚN

## an 23 Samhain 2022

## lena socraítear an chonair líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2023 do gach Ballstát a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh ar a chríoch féin atá idirnasctha go díreach lena limistéar margaidh

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6a(7), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis an fhogha mhíleata a thug an Rúis faoin Úcráin agus i bhfianaise na féidearthachta go gcuirfear isteach go fadtréimhseach ar sholáthairtí gáis ón Rúis nó go gcuirfear stop iomlán leo, thug an tAontas faoi thionscnaimh chun a ullmhacht i gcoinne suaitheadh den sórt sin chun saoránaigh agus geilleagar an Aontais a chosaint.

(2) Sa chomhthéacs sin, glacadh Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) d'fhonn a áirithiú go líonfar saoráidí stórála gáis na mBallstát le haghaidh thréimhse an gheimhridh 2022-2023 agus ina dhiaidh sin.

(3) I gcás 2023 agus na mblianta ina dhiaidh sin, foráiltear i bhfomhír 1 d'Airteagal 6a(7) de Rialachán (AE) 2017/1938 go ndéanfaidh gach Ballstát ag a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh dréachtchonair líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha do mhí Feabhra, mí na Bealtaine, mí Iúil agus mí Mheán Fómhair, lena n-áirítear faisnéis theicniúil, a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhfoirm chomhiomlánaithe, faoin 15 Meán Fómhair den bhliain roimhe sin, maidir leis na saoráidí sin atá ar a chríoch féin agus atá idirnasctha go díreach lena limistéar margaidh. Beidh an chonair líonta agus na spriocanna idirmheánacha bunaithe ar an meánráta líonta le linn na 5 bliana roimhe sin.

(4) Sonraítear i bhfomhír 3 d'Airteagal 6a(7) de Rialachán (AE) 2017/1938, bunaithe ar an bhfaisnéis theicniúil arna soláthar ag gach Ballstát agus an measúnú ón nGrúpa Comhordaithe Gáis á chur san áireamh, gur gá don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena socraítear an chonair líonta do gach Ballstát a ghlacadh faoin 15 Samhain den bhliain roimhe sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18a(2) den Rialachán thuasluaite. Tugann coiste coisteolaíochta dá dtagraítear in Aireagal 18a(1) de Rialachán (AE) 2017/1938 cúnamh don Choimisiún, an "Coiste um Stóráil Gáis".

(5) Tá an Coimisiún le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoin 15 Samhain 2022 lena socraítear na conairí líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2023 do na Ballstáit a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu. I bhfianaise na srianta ama maidir le glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme sin, ba cheart gníomh cur chun feidhme amháin a ghlacadh i leith na mBallstát uile lena mbaineann.

(6) I bhfianaise na héiginnteachta airde a mhéid a bhaineann le slándáil ghinearálta staid an tsoláthair gáis agus forbairt an éilimh ar ghás agus forbairt an tsoláthair gáis san Aontas agus sna Ballstáit aonair, na cásanna éagsúla tomhaltais de réir teochtaí geimhridh, agus méid na mbeart deonach maidir le laghdú ar éileamh a chuir na Ballstáit chun feidhme bunaithe ar Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle ([3]), ba cheart spriocanna íosta idirmheánacha atá indéanta go teicniúil a bheith sna conairí líonta a leagtar síos sa Rialachán seo, ar spriocanna iad lena gcuirfear ar chumas na mBallstát an sprioc líonta de 90 % a bhaint amach faoin 1 Samhain 2023.

([1]) IO L 280, 28.10.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis (IO L 173, 30.6.2022, lch. 17).

([3]) Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

(7) Ba cheart na conairí líonta a chuir na Ballstáit isteach, a mhéid agus is féidir, agus meánráta líonta na mBallstát le linn na 5 bliana roimhe sin a chur san áireamh sna conairí líonta. Ba cheart an cuar acmhainne comhiomláine insteallta láithreáin stórála gach Ballstáit a chur san áireamh i bhféidearthacht theicniúil na spriocanna idirmheánacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na spriocanna sin a shocrú ar bhealach lena gcosnófar slándáil an tsoláthair gáis ar leibhéal an Aontais, agus lena seachnófar ag an am céanna ualaigh nach bhfuil gá leo a chur ar na Ballstáit, ar rannpháirtithe sa mhargadh gáis, ar oibreoirí córais stórála nó ar chustaiméirí agus gan an iomaíocht idir na saoráidí stórála atá lonnaithe i mBallstáit chomharsanachta a shaobhadh go míchuí.

(8) Sprioc idirmheánach thábhachtach atá i sprioc idirmheánach an 1 Feabhra 2023 maidir le slándáil an tsoláthair le linn thréimhsí an gheimhridh 2022-2023 agus 2023-2024. Agus an sprioc sin á socrú ar mheánráta íosta an Aontais de 45 %, is é is aidhm dó slándáil an tsoláthair a áirithiú i mí na Nollag 2022 agus i mí Eanáir 2023 nuair a bheidh éileamh ard ar ghás, agus an t-ídiú stórála a sheachaint i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2023. Go háirithe, ba cheart solúbthacht a bheith ann i míonna luatha an gheimhridh i gcás geimhreadh atá níos fuaire ná mar a bhíonn ar an meán. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh 55 % d'acmhainn na saoráidí stórála gáis faoi thalamh a líonadh san Aontas, mura mbeidh míonna an gheimhridh níos fuaire ná mar a bhíonn ar an meán.

(9) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1938, meastar go gcomhlíontar spriocanna Rialachán (AE) 2017/1938 le leibhéil líonta a fhanann suas le cúig phointe céatadáin faoi bhun na sprice. I gcás ina bhfuil leibhéal líonta Ballstáit níos mó ná cúig phointe céatadáin faoi leibhéal a chonaire líonta, ba cheart don údarás inniúil bearta éifeachtacha a dhéanamh láithreach chun í a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún agus an Grúpa Comhordaithe Gáis a chur ar an eolas maidir le bearta den chineál sin.

(10) I gcás na mBallstát a thagann faoi Airteagal 6a(3) de Rialachán (AE) 2017/1938, ba cheart an sprioc líonta a laghdú de réir na toirte a soláthraíodh do thríú tíortha le linn na tréimhse tagartha 2016 go 2021 más rud é go raibh an mheántoirt a soláthraíodh níos mó ná 15 TWh in aghaidh na bliana le linn na tréimhse aistarraingthe stórála gáis (mí Dheireadh Fómhair – mí Aibreáin).

(11) D'fhógair an Coimisiún Eorpach gur bunaíodh Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh lena ndéantar foráil, *inter alia*, maidir le gás a d'fhéadfaí a cheannach go comhpháirteach, socrú a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach ina conclúidí an 30 agus an 31 Bealtaine 2022. Le ceannach comhpháirteach, d'fhéadfaí rannchuidiú le rochtain níos cothroime a thabhairt do ghnóthais ar fud an Aontais ar fhoinsí gáis nua nó foinsí malartacha faoi dhálaí níos fearr. Go háirithe, d'fhéadfaí cuidiú leis na Ballstáit na dúshláin don séasúr líonta 2023/24 a mhaolú trí chomhiomlánú éilimh, trí bhainistíocht ar líonadh agus stóráil a chomhordaítear ar bhealach níos fear a áirithiú, laistigh de theorainneacha dhlí na hiomaíochta, agus trí bhuaiceanna iomarcacha praghsanna a sheachaint arb éard is cúis leo, *inter alia*, líonadh stórála neamhchomhordaithe.

(12) Ba cheart do na Ballstáit an sprioc líonta 90 % dá saoráidí stórála a bhaint amach, sprioc dá dtagraítear i mír 1 d'Airteagal 6a de Rialachán (AE) 2017/1938, lena n-áirítear, go háirithe, tríd an éileamh a chomhiomlánú agus páirt a ghlacadh i sásraí ceannaigh chomhpháirtigh, mar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2022.

(13) Agus stóráil á líonadh acu, agus i bhfianaise na ndúshlán i gcomhair an tséasúir líonta in 2023, ba cheart do na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as na huirlisí comhordúcháin uile atá ar fáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Agus Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh á úsáid chun an t-éileamh a chomhiomlánú ar mhaithe leis an bhféidearthacht gás a cheannach go comhpháirteach, féadtar rannchuidiú le líonadh stórála a chomhordú ar bhealach níos fearr. Mar shampla, ba cheart do na Ballstáit ullmhú cheana féin chun páirt a ghlacadh i gcomhiomlánú éilimh le toirteanna atá cothrom le 15 % ar a laghad den toirt iomlán is gá chun an sprioc de 90 % a bhaint amach.

(14) An measúnú ón nGrúpa Comhordaithe Gáis a ndeachthas i gcomhairle leis le linn a chruinnithe an 21 Deireadh Fómhair 2022, ba cheart é a chur san áireamh sna conairí líonta freisin.

(15) I bhfianaise an ghá atá ann na conairí líonta le haghaidh 2023 a shocrú faoin 15 Samhain 2022, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Stóráil Gáis.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Conairí líonta le haghaidh 2023**

Leagtar amach san Iarscríbhinn na conairí líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2023 do na Ballstáit a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh ar a chríoch féin atá idirnasctha go díreach lena limistéar margaidh.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Conairí líonta lena ngabhann spriocanna idirmheánacha le haghaidh 2023 do na Ballstáit a bhfuil saoráidí stórála gáis faoi thalamh acu** ([1])

| Ballstát | Sprioc idirmheánach an 1 Feabhra | Sprioc idirmheánach an 1 Bealtaine | Sprioc idirmheánach an 1 Iúil | Sprioc idirmheánach an 1 Meán Fómhair |
|---|---|---|---|---|
| **AT** | 49 % | 37 % | 52 % | 67 % |
| **BE** | 30 % | 5 % | 40 % | 78 % |
| **BG** | 45 % | 29 % | 49 % | 71 % |
| **CZ** | 45 % | 25 % | 30 % | 60 % |
| **DE** | 45 % | 10 % | 30 % | 65 % |
| **DK** | 45 % | 40 % | 60 % | 80 % |
| **ES** | 59 % | 62 % | 68 % | 76 % |
| **FR** | 41 % | 7 % | 35 % | 81 % |
| **HR** | 46 % | 29 % | 51 % | 83 % |
| **HU** | 51 % | 37 % | 65 % | 86 % |
| **IT** | 45 % | 36 % | 54 % | 72 % |
| **LV** | 45 % | 41 % | 63 % | 90 % |
| **NL** | 49 % | 34 % | 56 % | 78 % |
| **PL** | 45 % | 30 % | 50 % | 70 % |
| **PT** | 70 % | 70 % | 80 % | 80 % |
| **RO** | 40 % | 41 % | 67 % | 88 % |
| **SE** | 45 % | 5 % | 5 % | 5 % |
| **SK** | 45 % | 25 % | 27 % | 67 % |

([1]) Tá an Iarscríbhinn faoi réir oibleagáidí *pro rata* gach Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2017/1938, go háirithe Airteagail 6a, 6b agus 6c de. Maidir leis na Ballstáit a thagann faoi Airteagal 6a(2), déanfar an sprioc idirmheánach *pro rata* a ríomh tríd an luach a léirítear sa tábla a iolrú faoin uasteorainn 35 % agus tríd an toradh a roinnt ar 90 %.

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2302 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Samhain 2022**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 maidir le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 183(b) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar de thoradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1216/2009 agus Uimh. 614/2009 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 5(6)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún ([3]) rialacha mionsonraithe chun córas na ndleachtanna allmhairithe breise a chur chun feidhme, agus le praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnáil na feola éanlaithe clóis agus in earnáil na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe.

(2) Is éard a léiríonn faireachán rialta ar na sonraí a úsáidtear chun praghsanna ionadaíocha d'fheoil éanlaithe agus do tháirgí uibheacha a shocrú, sin agus an faireachán rialta ar ghealacáin uibhe, gur cheart na praghsanna allmhairithe ionadaíocha ar tháirgí áirithe a leasú chun an éagsúlacht praghsanna de réir áit tionscnaimh cuid de na hearraí a chur san áireamh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 a leasú dá réir sin.

(4) Toisc gur gá a áirithiú go mbeidh feidhm ag an mbeart seo a thúisce is féidir ach a mbeidh na sonraí nuashonraithe ar fáil, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1484/95.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.
([2]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 1.
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1484/95 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 1995 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun an córas dleachtanna allmhairithe breise a chur chun feidhme agus chun praghsanna ionadaíocha a shocrú in earnálacha na feola éanlaithe clóis agus na n-uibheacha agus i gcás gealacáin uibhe, agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 163/67/CEE (IO L 145, 29.6.1995, lch. 47).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*

*Ar son an Uachtaráin,*

Wolfgang BURTSCHER

*An tArd-Stiúrthóir*

*Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe*

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN I*

| Cód AC | Tuairisc ar na hearraí | Praghas ionadaíoch (EUR/100 kg) | An ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagal 3 (EUR/100 kg) | Tionscnamh [1] |
|---|---|---|---|---|
| 0207 14 10 | Gearrthacha gan chnámh ó chineálacha éanlaithe den speiceas *Gallus domesticus*, iad reoite | 380,0 | 0 | TH |

[1] Ainmníocht na dtíortha arna socrú le Rialachán (AE) 2020/1470 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hainmníocht na dtíortha agus na gcríoch le haghaidh an staidrimh Eorpaigh maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí agus maidir leis an mionscagadh geografach i ndáil le staidreamh gnó eile (IO L 334, 13.10.2020, lch. 2)."

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2303 ÓN gCOIMISIÚN

## an 24 Samhain 2022

## lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 ón gCoimisiún lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha d'fhoilsiú fógraí sa réimse soláthair phoiblí

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha poiblí, soláthair phoiblí agus seirbhíse poiblí ag údaráis chonarthacha i réimse na cosanta nó na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE ([1]) agus Treoir 2004/18/CE, agus go háirithe Airteagal 32(1), Airteagal 52 (2) agus Airteagal 64 de,

Ag féachaint do Threoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain ([2]) agus go háirithe Airteagal 33(1) de,

Ag féachaint do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE ([3]), agus go háirithe Airteagal 51(1), Airteagal 75(3) agus Airteagal 79(3) de,

Ag féachaint do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist, agus lena leasaítear Treoir 2004/17/CE ([4]), agus go háirithe Airteagal 71(1), Airteagal 92(3) agus Airteagal 96(2), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint do Threoir 89/665/CEE an 21 Nollaig 1989 ón gComhairle maidir le comhordú a dhéanamh ar na dlíthe, ar na rialacháin agus ar na forálacha riaracháin a bhaineann le feidhmiú nósanna imeachta athbhreithnithe chun conarthaí soláthair phoiblí agus oibreacha poiblí a dhámhachtain ([5]), agus go háirithe Airteagal 3a de,

Ag féachaint do Threoir 92/13/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 lena ndéantar comhordú ar na dlíthe, ar na rialacháin agus ar na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta soláthair de chuid eintiteas a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide ([6]), agus go háirithe Airteagal 3a de,

I ndiaidh dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Sholáthar Poiblí,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 ([7]) ón gCoimisiún na foirmeacha caighdeánacha (ríomhfhoirmeacha) maidir le foilsiú fógraí i réimse an tsoláthair phoiblí. Cuirfear in ionad Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 ([8]) ón gCoimisiún é chun na foirmeacha caighdeánacha a leagtar amach sa Rialachán sin a oiriúnú don aistriú digiteach.

---

([1]) IO L 216, 20.8.2009, Lch. 76.
([2]) IO L 94, 28.3.2014, Lch. 1.
([3]) IO L 94, 28.3.2014, Lch. 65.
([4]) IO L 94, 28.3.2014, Lch. 243.
([5]) IO L 395, 30.12.1989, Lch. 33.
([6]) IO L 76, 23.3.1992, Lch. 14.
([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2019 lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha maidir le foilsiú fógraí i réimse an tsoláthair phoiblí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 (ríomhfhoirmeacha) (IO L 272, 25.10.2019, Lch. 7).
([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2015 lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha maidir le foilsiú fógraí i réimse an tsoláthair phoiblí agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 842/2011 (IO L 296, 12.11.2015, Lch. 1).

(2) Chun cuidiú leis na Ballstáit lena n-oibleagáidí tuairiscithe faoi Threoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), foilseoidh an Coimisiún faisnéis áirithe maidir le feithiclí glana a fhoilsiú trí fhaireachán a dhéanamh ar na sonraí ábhartha atá ar fáil trí bhunachar sonraí "Tender Electronic Daily" (TED) i gcomhréir le Treoir 2014/24/AE agus le Treoir 2014/25/AE. I bhfianaise na leasuithe is déanaí a rinneadh ar Threoir 2009/33/CE ([10]), tá gá le faisnéis níos mionsonraithe sna fógraí um dhámhachtain. Leis an bhfaisnéis sin éascófar tuairisciú cuimsitheach ar fheithiclí astaíochtaí ísle agus ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha agus ar fheithiclí breoslaí malartacha eile, agus ar an dóigh sin éascófar na gníomhaíochtaí faireacháin faoi TED agus tuairisciú na mBallstát. Ba cheart na foirmeacha caighdeánacha chur in oiriúint, dá bhrí sin, chun réimsí roghnacha breise a áireamh don chatagóir feithicle, don tagairt dlí is infheidhme agus do tháscaire lena dhearbhú an dtagann an nós imeachta faoi raon feidhme Threoir 2009/33/CE.

(3) Chun ailíniú beartais na bhfoirmeacha caighdeánacha le cuspóirí comhshaoil an Aontais a áirithiú agus ar mhaithe le soiléireacht agus comhsheasmhacht an tuairiscithe, agus riachtanais na mBallstát á gcur san áireamh, ba cheart an réimse um Sholáthar Glas a thabhairt cothrom le dáta agus ba cheart an réimse um Sholáthar Nuálach a shimpliú.

(4) Ba cheart na foirmeacha caighdeánacha a choigeartú agus a fheabhsú freisin i roinnt gnéithe a shainaithin na Ballstáit agus an Coimisiún le linn an phróisis a raibh glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 mar thoradh air, amhail an tuairisc ar théarmaí gnó áirithe agus cur i bhfeidhm na dtéarmaí sin.

(5) Chun aistriú teicniúil rianúil a éascú, teastaíonn am ó na Ballstáit chun ullmhú d'úsáid na bhfoirmeacha caighdeánacha nua. Lena shoiléiriú gur féidir, ar feadh tréimhse áirithe ama, na foirmeacha caighdeánacha a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 agus na foirmeacha a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 a úsáid, ba cheart forálacha idirthréimhseacha a leagan amach. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an dáta a aisghaireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 a ailíniú le dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1780.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1780 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1780 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

**Aisghairm**

Aisghaireadh Rialachán (AE) 2015/1986 cur chun feidhme le héifeacht ón 14 Samhain 2022.";

(2) Cuirtear isteach Airteagal 3a mar a leanas:

"*Airteagal 3a*

**Foráil idirthréimhseach**

Ón 14 Samhain 2022 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2023, féadfar na foirmeacha arna mbunú leis an Rialachán seo agus na foirmeacha arna mbunú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1986 a úsáid chun fógraí a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.";

(3) Déantar an Iarscríbhinn a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([9]) Treoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le feithiclí iompair de bhóthar atá glan a chur chun cinn chun tacú le soghluaisteacht íseal-astaíochtaí (IO L120, 15.5.2009, Lch. 5).

([10]) Treoir (AE) 2019/1161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena leasaítear Treoir 2009/33/CE a mhéid a bhaineann le feithiclí iompair de bhóthar atá glan agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn (IO L 188, 12.7.2019, Lch. 116).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

San Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad thábla 2:

*Tábla 2*

**Réimsí i bhfoirmeacha caighdeánacha agus i bhfógraí**

| Leibhéal | ID | Ainm | An cineál sonraí | Tuairisc | Pleanáil | | | | | | | | | Iomaíocht | | | | | | | | | | | | | | | DAP | | | | Toradh | | | | | | | | | Con. mod. | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 | 32 | 33 | 34 | 35 | 36 | 37 | 38 | 39 | 40 |
| + | BG-1 | Fógra | - | Buneolas faoin bhfógra. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-04 | Aitheantóir Nós Imeachta | Aitheantóir | Aitheantóir Nós Imeachta an tSoláthair Phoiblí Eorpaigh, aitheantóir uathúil le haghaidh nós imeachta soláthair. Tríd an aitheantóir sin a chur le gach leagan foilsithe den fhógra seo (e.g. é foilsithe ar TED, ar thairseacha foilsithe náisiúnta, ar thairseacha foilsithe réigiúnacha) is féidir sainaithint uathúil a dhéanamh ar nósanna imeachta soláthair ar fud an Aontais. | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-701 | Fógra aitheantóir | Aitheantóir | Aitheantóir Fógra an tSoláthair Phoiblí Eorpaigh don fhógra seo. Tríd an aitheantóir sin a chur le gach leagan foilsithe den fhógra seo (e.g. TED, tairseacha foilsithe náisiúnta, tairseacha foilsithe réigiúnacha) is féidir sainaithint uathúil a dhéanamh ar fhógraí soláthair ar fud an Aontais. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-757 | Fógra Leagain | Aitheantóir | An leagan den fhógra. Cuidíonn sé sin, mar shampla, le súil a choinneáil ar leaganacha d'fhógraí nó ar athruithe ar fhógraí sula bhfoilsítear iad. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-01 | Bunús Dlí an Nós Imeachta | Cód | An bunús dlí (e.g. gníomh dlí de chuid an Aontais nó gníomh dlí náisiúnta) faoina ndéantar an nós imeachta soláthair nó, i gcás fógraí faisnéise roimh ré, faoina ndéantar an nós imeachta/na nósanna imeachta soláthair. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-03 | Cineál Foirme | Cód | An cineál foirme de réir na reachtaíochta maidir le soláthar. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-02 | Cineál Fógra | Cód | An cineál fógra de réir na reachtaíochta maidir le soláthar. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-05 | Dáta Seolta an Fhógra | Dáta | An dáta agus an t-am ar cuireadh an fógra lena fhoilsiú ag an gceannaitheoir. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-803 | Ríomhsheoltóir - Dáta Seolta an Fhógra | Dáta | An dáta agus an t-am a tharchuir an ríomhsheoltóir an fógra go leictreonach chuig Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-738 | Dáta foilsithe an Fhógra Tosaíochta | Dáta | An dáta tosaíochta d'fhoilsiú an fhógra ar TED (e.g. chun foilsiú le linn saoire náisiúnta a sheachaint). | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-702 | Teanga Oifigiúil an Fhógra | Cód | An teanga nó na teangacha ina bhfuil an fógra seo ar fáil go hoifigiúil. Is ionann an bhailíocht dhlíthiúil do na leaganacha teanga seo. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| + | BG-125 | Réamhphleanáil | - | Faisnéis faoi fhógra réamhfhaisnéise nó fógra comhchosúil eile a bhaineann leis an bhfógra seo. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | |
| ++ | BT-125 | Aitheantóir Réamhphlea-nála | Aithea-ntóir | An t-aitheantóir le haghaidh fógra réamhfhaisnéise nó fógra comhchosúil eile a bhaineann leis an bhfógra seo. | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | |
| ++ | BT-1251 | Aitheantóir Codanna na Réamhphlea-nála | Aithea-ntóir | An t-aitheantóir le haghaidh cuid d'fhógra réamhfhaisnéise nó d'fhógra comhchosúil eile a bhaineann leis an bhfógra seo. | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | |
| + | BG-703 | Eagraíocht | - | Faisnéis faoin eagraíocht. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir an bhirt, de réir an chonartha, de réir na tairisceana, etc. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | B-T-13720 | Aitheantóir Rannóg Fógraí na hEagraíochta | Aithea-ntóir | Aitheantóir rannóige amháin nó níos mó san fhógra seo. Is don rannóg seo nó do na rannóga seo a thagraíonn an fhaisnéis i rannóg na heagraíochta. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-500 | Ainm na hEagraíochta | Téacs | Ainm oifigiúil na heagraíochta. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-501 | Aitheantóir na hEagraíochta | Aithea-ntóir | Aitheantóir de chuid na heagraíochta. Tabharfar aitheantóirí uile na heagraíochta. | M | M | O | M | M | O | M | M | O | M | M | M | M | M | M | M | M | O | M | M | M | O | M | M | O | O | O | O | M | M | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-16 | An tAinm ar Chuid d'Eagraíocht | Téacs | An t-ainm ar chuid d'eagraíocht (e.g. an rannóg ábhartha de cheannaitheoir mór). | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-510 | Sráid na hEagraíochta | Téacs | Ainm na sráide, an bhóthair, na hascaille, etc., ina bhfuil seoladh fisiceach na heagraíochta agus aitheantas breise (e.g. uimhir foirgnimh). | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-513 | Cathair na hEagraíochta | Téacs | Ainm an cheantair (cathair, baile, nó sráidbhaile) ina bhfuil seoladh fisiceach na heagraíochta. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-512 | Cód Poist na hEagraíochta | Téacs | Cód poist sheoladh fisiceach na heagraíochta. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-507 | Foroinn Tíre na hEagraíochta | Cód | Suíomh sheoladh fisiceach na heagraíochta de réir aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). Úsáidfear cód aicmithe NUTS3. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-514 | Cód Tíre na hEagraíochta | Cód | Tír sheoladh fisiceach na heagraíochta. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-502 | Pointe Teagmhála na hEagraíochta | Téacs | Ainm na roinne nó pointe teagmhála eile le cumarsáid a dhéanamh leis an eagraíocht. Chun próiseáil neamhriachtanach ar shonraí pearsanta a sheachaint, ní fhéadfar duine fisiceach a shainaithint leis an bpointe teagmhála ach amháin nuair is gá sin (de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle). | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-506 | Seoladh Ríomhphost Teagmhála na hEagraíochta | Téacs | An seoladh ríomhphoist chun teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht. Chun próiseáil neamhriachtanach ar shonraí pearsanta a sheachaint, ní fhéadfar duine fisiceach a shainaithint leis an seoladh ríomhphoist ach amháin nuair is gá sin (de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725). | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-503 | Uimhir Ghuthán Teagmhála na hEagraíochta | Téacs | An uimhir ghutháin chun teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht. Chun próiseáil neamhriachtanach ar shonraí pearsanta a sheachaint, ní fhéadfar duine fisiceach a shainaithint leis an uimhir ghutháin ach amháin nuair is gá sin (de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725). | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-739 | Facs Teagmhála na hEagraíochta | Téacs | An uimhir facs chun teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht. Chun próiseáil neamhriachtanach ar shonraí pearsanta a sheachaint, ní fhéadfar duine fisiceach a shainaithint leis an uimhir facs ach amháin nuair is gá sin (de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725). | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-505 | Seoladh Idirlín na hEagraíochta | URL | Suíomh gréasáin na heagraíochta. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-509 | Tairseach ríomhshea-chadta na hEagraíochta | URL | Aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne na heagraíochta lena malartaítear sonraí agus doiciméid. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-633 | Duine Nádúrtha Eagraíochta | Táscaire | Duine nádúrtha is ea an eagraíocht. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-08 | Ról na hEagraíochta | Cód | Ról na heagraíochta sa nós imeachta soláthair (e.g. ceannaitheoir, buaiteoir). Cuimseofar i bhfógra gach eagraíocht sa nós imeachta a bhfuil ról ceannaitheora, buaiteora, comhlachta athbhreithnithe, ceannaitheora fhaigheann soláthairtí agus/nó seirbhísí atá beartaithe do cheannaitheoirí eile, ceannaitheora a dhámhann conarthaí poiblí nó a thugann comhaontuithe réime i gcrích le haghaidh oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí atá beartaithe do cheannaitheoirí eile. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-770 | Fo-ról na hEagraíochta | Cód | An fo-ról atá ag an eagraíocht sa nós imeachta soláthair (e.g. ceannaire grúpa, eagraíocht a sholáthraíonn faisnéis bhreise faoin nós imeachta soláthair). | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BG-3 | Ceannaitheoir | - | Faisnéis bhreise faoin gceannaitheoir. | M | M | M | M | M | O | M | M | O | M | M | O | O | M | M | M | M | O | M | O | O | O | M | M | O | O | O | O | M | M | O | M | O | O | M | M | M | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BT-508 | URL Phróifíl an Cheannaitheora | URL | An suíomh gréasáin ar a bhfoilsíonn an ceannaitheoir faisnéis faoi nósanna imeachta soláthair (e.g. fógraí, doiciméid soláthair). | M | M | M | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | |
| +++ | BT-11 | Cineál Dlíthiúil Ceannaitheora | Cód | Cineál an cheannaitheora de réir na reachtaíochta maidir le soláthar (e.g. údarás rialtais láir, comhlacht atá faoi rialú an dlí phoiblí, gnóthas poiblí). | M | O | O | M | O | O | M | O | O | M | O | O | O | M | O | M | O | O | M | O | O | O | M | O | O | O | O | O | M | O | O | M | O | O | M | M | O | | | |
| +++ | BT-740 | Eintiteas Conarthachta Ceannaitheora | Táscaire | Eintiteas conarthachta is ea an ceannaitheoir. | | | O | | | O | | | O | | | | | M | | | | O | M | | | | | | | O | O | | | O | M | | | M | | | | | |
| +++ | BT-10 | Gníomhaíocht Údaráis | Cód | Príomhghníomhaíocht an údaráis conarthachta. | M | M | O | M | M | O | M | M | O | M | M | O | O | M | M | M | M | O | M | O | O | | M | M | O | O | O | O | M | M | O | M | O | O | M | M | M | | | |
| +++ | BT-610 | Gníomhaíocht Eintitis | Cód | Príomhghníomhaíocht an eintitis conarthachta. | | M | O | | M | O | | M | O | | M | | O | M | M | | M | O | M | | O | | | M | | O | O | O | | M | O | M | | O | M | | M | | | |
| ++ | BG-4 | Buaiteoir | - | Faisnéis bhreise faoin mbuaiteoir, faoin tairgeoir nó faoin bhfochonraitheoir. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | O | M | M | M | M | M | M | | | |
| +++ | BT-165 | Méid an Bhuaiteora | Cód | Méid an bhuaiteora, an tairgeora nó an fhochonraitheora (e.g. micrifhiontar, fiontar beag, fiontar meánmhéide). | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | O | M | M | M | M | M | M | | | |
| +++ | BT-706 | Náisiúntacht Úinéir an Bhuaiteora | Cód | Náisiúntacht (nó náisiúntachtaí) úinéir (nó úinéirí) is tairbhí an bhuaiteora, an tairgeora, nó an fhochonraitheora mar atá foilsithe sa chlár nó sna cláir a bunaíodh le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Mura bhfuil a leithéid de chlár ann (e.g. i gcás conraitheoirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas), faisnéis choibhéiseach ó fhoinsí eile mar sin. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | |
| +++ | BT-746 | Buaiteoir Liostaithe | Táscaire | Maidir le húinéir (nó úinéirí) is tairbhí an bhuaiteora, an tairgeora nó an fhochonraitheora, níl a náisiúntacht (nó náisiúntachtaí) foilsithe sa chlár nó sna cláir a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/843, toisc go bhfuil an buaiteoir liostaithe ar mhargadh rialáilte (e.g. stocmhalartán) lena áirithítear gurb ann do dhóthain trédhearcachta i gcomhréir leis an reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| + | BG-2 | Cuspóir | - | Faisnéis faoi chuspóir an nós imeachta. Déanfar an fhaisnéis sin a thabhairt maidir leis an nós imeachta soláthair ina iomláine, agus de réir an bhirt freisin, más ann do bhearta. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-22 | Aitheantóir Inmheánach | Téacs | An t-aitheantóir inmheánach a úsáidtear le haghaidh comhaid a bhaineann leis an nós imeachta soláthair nó leis an mbeart sula dtugtar aitheantóir nós imeachta (e. g. ceann a thagann ó chóras bainistithe doiciméad nó ó chóras pleanála soláthair an cheannaitheora). | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-23 | Príomhchineál | Cód | An príomhchineál (e.g. oibreacha) a bhfuiltear á cheannach. I gcás soláthar measctha (e.g. soláthar le haghaidh oibreacha agus seirbhísí araon), d'fhéadfadh sé gurb é an príomhchineál an ceann lena a bhfuil an luach measta is airde, mar shampla. Tabharfar an fhaisnéis sin le haghaidh an nós imeachta ina iomláine. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| ++ | BT-531 | Cineál Breise | Cód | An cineál (e.g. seirbhísí) a bhfuiltear á cheannach, de bhreis ar an bpríomhchineál. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| ++ | BT-21 | Teideal | Téacs | Ainm an nós imeachta soláthair nó an bhirt. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| ++ | BT-24 | Tuairisc | Téacs | Tuairisc ar chineál agus ar chainníocht an ruda atáthar ag ceannach nó tuairisc ar na riachtanas agus na n-éileamh a shásófar leis an nós imeachta nó leis an mbeart. I gcás fógra maidir le mionathrú, tuairisc an tsoláthair roimh an mionathrú agus ina dhiaidh. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-27 | Luach Measta | Luach | Luach measta an nós imeachta soláthair nó an bhirt, thar a thréimhse iomlán, lena n-áirítear roghanna agus athnuachan. | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-271 | Uasluach an Chreata | Luach | Uasluach an chreat-chomhaontaithe don nós imeachta soláthair nó don bheart, thar a thréimhse iomlán, lena n-áirítear roghanna agus athnuachan. Clúdaítear sa luach sin gach conradh atá le dámhachtain laistigh den chreat-chomhaontú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | | | |
| ++ | BG-557 | Uasluach Chreat an Ghrúpa | - | Faisnéis faoin uasluach is féidir a chaitheamh i gcreat-chomhaontú laistigh de ghrúpa beart. Is féidir an fhaisnéis sin a sholáthar más ísle luach uasta an ghrúpa beart ná suim luachanna measta na mbeart aonair sa ghrúpa sin (e.g. i gcás ina mbeidh an buiséad céanna le roinnt ar roinnt beart). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | | | |
| +++ | BT-557 | Aitheantóir Beart Uasluacha Chreat an Ghrúpa | Aithea-ntóir | Aitheantóir a bhaineann le beart laistigh den nós imeachta atá ina chuid de ghrúpa beart a bhfuil a uasluach níos ísle ná suim uasluachanna aonair an bhirt go léir le chéile (e.g. nuair a roinntear an buiséad céanna le haghaidh roinnt beart). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | | | |
| +++ | BT-157 | Uasluach Chreat an Ghrúpa | Luach | An t-uasluach is féidir a chaitheamh i gcreat-chomhaontú laistigh de ghrúpa beart. Is féidir an fhaisnéis sin a sholáthar más ísle luach uasta an ghrúpa beart ná suim uasluachanna na mbeart aonair sa ghrúpa sin (e.g. i gcás ina mbeidh an buiséad céanna le roinnt ar bhearta éagsúla). Ciallaíonn uasluach luach ina gcumhdaítear na conarthaí uile atá le dámhachtain laistigh de chreat-chomhaontú thar a thréimhse iomlán, roghanna agus athnuachan san áireamh. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | | | |
| ++ | BG-261 | Aicmiú | - | Faisnéis faoin aicmiú nó faoi na haicmithe lena dtugtar tuairisc ar an gceannachán. Úsáidfear an cineál aicmiúcháin de réir an stóir focal chomhchoitinn don soláthar (SFCS). Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí aicmithe eile a chur leis amach anseo. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| +++ | BT-26 | Cineál Aicmiúcháin | Cód | An cineál aicmithe lena dtugtar tuairisc ar an gceannach (e.g. an CPV). | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BT-262 | Cód an Phríomhaic-mithe | Cód | Cód an aicmithe is fearr a léiríonn tréith an cheannacháin. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| +++ | BT-263 | Cóid Aicmiúcháin Bhreise | Cód | Cód eile de chuid an aicmithe a léiríonn tréith an cheannacháin freisin. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-25 | Cainníocht | Líon | Líon na n-aonad atá ag teastáil. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-625 | Aonad | Cód | An t-aonad ina sloinntear an t-earra, an tseirbhís nó an obair, uaireanta an chloig nó cileagraim mar shampla. I gcás inar soláthar é an cód CPV nach dteastaíonn aonad eile ina leith (e.g. carranna), ní gá aon aonad a lua agus glactar leis gur comhaireamh atá sa chainníocht, e.g. 'líon na gcarranna'. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-53 | Roghanna | Táscaire | Coimeádann an ceannaitheoir aige féin an ceart (ní oibleagáid) ceannacháin bhreise a dhéanamh ón gconraitheoir (fad is atá an conradh bailí). | | | | | | | O | O | O | O | M | O | O | O | | M | M | O | M | O | O | O | | | O | O | O | O | M | O | O | M | O | O | O | | | O | O | O |
| ++ | BT-54 | Tuairisc ar Roghanna | Téacs | An tuairisc ar na roghanna. | | | | | | | O | O | O | O | M | O | O | O | | M | M | O | M | O | O | O | | | O | O | O | O | M | O | O | M | O | O | O | | | O | O | O |
| ++ | BT-94 | Atarlú | Táscaire | Soláthar ar dócha go gcuimseofar a gcuspóir i nós imeachta eile go ceann i bhfad. (Seirbhís bhardasach a chuirtear amach ar thairiscintí an athuair go tráthrialta, mar shampla. Ní áirítear leis sin roinnt conarthaí a dhámhachtain laistigh de chóras cáiliúcháin amháin, de chreat-chomhaontú amháin nó de chóras ceannaigh dinimiciúil amháin.) | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-95 | Tuairisc ar an Atarlú | Téacs | Aon fhaisnéis bhreise faoin atarlú (e.g. uainiú measta). | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| + | BG-708 | Láthair na Feidhmíochta | - | Eolas faoi phríomhshuíomh na n-oibreacha i gcás oibreacha, príomháit seachadta nó feidhmíochta i gcás soláthairtí agus seirbhísí. Má chumhdaítear i láthair na feidhmíochta roinnt limistéir NUTS 3 (e.g. mórbhealach, líonra náisiúnta d'ionaid fostaíochta), tabharfar na cóid ábhartha uile. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-5101 | Sráid Láthair na Feidhmíochta | Téacs | Ainm na sráide, an bhóthair, na hascaille, etc., is láthair na feidhmíochta agus sainaithint bhreise (e.g. uimhir foirgnimh). | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-5131 | Cathair Láthair na Feidhmíochta | Téacs | Ainm cheantar áitiúil (cathair, baile nó sráidbhaile) láthair na feidhmíochta. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-5121 | Cód Poist Láthair na Feidhmíochta | Téacs | Cód poist láthair na feidhmíochta | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-5071 | Foroinn Tíre Láthair na Feidhmíochta | Cód | An suíomh de réir aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS). Úsáidfear cód aicmithe NUTS3. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| ++ | BT-5141 | Cód Tíre Láthair na Feidhmíochta | Cód | Tír láthair na feidhmíochta. | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| ++ | BT-727 | Láthair Feidmíochta Seirbhísí Eile | Cód | Tá srianta eile ar láthair na feidhmíochta (e.g. 'aon áit sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, 'aon áit sa tír ar leith'). | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| ++ | BT-728 | Faisnéis Bhreise faoi Láthair na Feidhmíochta | Téacs | Faisnéis bhreise faoi láthair na feidhmíochta. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| + | BG-36 | Tréimhse | - | Faisnéis faoi thréimhse an chonartha, an chreat-chomhaontaithe, an chórais ceannaigh dhinimiciúil nó an chórais cáiliúcháin. Ní mór aon roghanna nó athnuachan a bheith inti. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | M | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++ | BT-536 | Dáta Tosaigh na Tréimhse | Dáta | An dáta (measta) a chuirfear tús leis an gconradh, leis an gcreat-chomhaontú, leis an gcóras ceannaigh dinimiciúil nó leis an gcóras cáiliúcháin. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | M | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-36 | Fad na Tréimhse | Tréimh-se | An tréimhse (mheasta) ó thús go deireadh an chonartha, an chreat-chomhaontaithe, an chórais ceannaigh dhinimiciúil nó an chórais cáiliúcháin. Beidh aon roghanna nó athnuachan i gceist leis sin. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | M | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++ | BT-537 | Dáta Deiridh na Tréimhse | Dáta | An dáta (measta) a thiocfaidh deireadh leis an gconradh, leis an gcreat-chomhaontú, leis an gcóras ceannaigh dinimiciúil nó leis an gcóras cáiliúcháin. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | M | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++ | BT-538 | Tréimhse Eile | Cód | Ní fios an tréimhse, gan teorainn, etc. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | M | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++ | BT-58 | Uasmhéid na hAthnuachana | Líon | An t-uaslíon uaireanta is féidir an conradh a athnuachan. Leis an athnuachan, coimeádann an ceannaitheoir aige féin an ceart (i.e. ní oibleagáid) an conradh a athnuachan (i.e. a thréimhse a shíneadh) gan nós imeachta soláthair nua. Mar shampla, féadfaidh conradh a bheith bailí ar feadh bliain amháin agus féadfaidh an ceannaitheoir an deis a bheith aige é a athnuachan (e.g. uair amháin, faoi dhó) go ceann trí mhí eile, má tá sé sásta leis na seirbhísí a fuair sé. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | M | M | O | O | O | O | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++ | BT-57 | Tuairisc ar an Athnuachan | Téacs | Aon fhaisnéis eile faoi athnuachan. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | O | M | O | O | O | O | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O |
| + | BG-61 | Cistí AE | - | Faisnéis faoi na cistí de chuid an Aontais a úsáidtear chun an soláthar a mhaoiniú. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó bheart go chéile. | | | | | | | M | O | O | M | O | O | O | O | O | M | O | O | M | O | O | O | M | O | O | O | O | O | M | O | O | M | O | O | O | M | O | O | O | O |
| ++ | BT-60 | Cistí AE | Táscaire | Tá cuid den soláthar, ar a laghad, maoinithe ó chistí de chuid an Aontais, Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa nó deontais arna ndámhachtain ag an Aontas mar shampla. | | | | | | | M | O | O | M | O | O | O | O | O | M | O | O | M | O | O | O | M | O | O | O | O | O | M | O | O | M | O | O | O | M | O | O | O | O |
| ++ | BG-614 | Faisnéis faoi Chistí AE | - | Faisnéis faoi chistí an Aontais Eorpaigh a úsáidfear chun an nós imeachta a mhaoiniú. Ní mór an fhaisnéis is nithiúla a thabhairt (e.g. faisnéis faoi thionscadail nithiúla, seachas faoi chláir oibríochtúla amháin.) | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-7220 | Clár um Chistí AE | Cód | Ainm chlár chistí an Aontais a úsáidtear chun an conradh, nó cuid de ar a laghad, a mhaoiniú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BT-5010 | Aitheantóir um Maoiniú Chistí AE | Aithea-ntóir | Aitheantóir do chlár an Aontais a úsáidtear chun an conradh, nó cuid de ar a laghad, a mhaoiniú. Ní mór an fhaisnéis is nithiúla a thabhairt (e.g. uimhir chomhaontaithe deontais, aitheantóir náisiúnta, acrainm tionscadail, uimhir chonartha). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-6140 | Sonraí faoi Chistí AE | Téacs | Tuilleadh faisnéise faoi chlár nó faoi thionscadal an Aontais a úsáidtear chun an soláthar a mhaoiniú i bpáirt ar a laghad. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| + | BG-6 | Nósanna imeachta | - | Faisnéis faoin nós imeachta soláthair. | | | | | | | O | O | O | M | M | M | M | O | | M | M | M | O | M | M | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | M | M | M | | | |
| ++ | BT-09 | Dlí Trasteorann | Téacs | An dlí is infheidhme i gcás ina bhfuil ceannaitheoirí ó thíortha éagsúla i mbun soláthair le chéile laistigh de nós imeachta soláthair amháin. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | |
| ++ | BT-105 | Cineál Nós Imeachta | Cód | An cineál nós imeachta soláthair (e.g. de réir na gcineálacha a thugtar sna Treoracha maidir le Soláthar Poiblí a luaitear in aithrisí an Ghnímh seo). | | | | | | | O | O | O | M | M | O | O | O | | M | M | M | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O | O | M | M | | | |
| ++ | BT-88 | Gnéithe an Nós Imeachta | Téacs | Príomhghnéithe an nós imeachta (e.g. tuairisc ar na céimeanna ar leith agus faisnéis faoin áit ar féidir teacht ar rialacha an nós imeachta ina n-iomláine. Tabharfar an fhaisnéis sin i gcás nach mbeidh an nós imeachta ar cheann de na nósanna imeachta a shonraítear sna Treoracha maidir leis an soláthar. D'fhéadfadh sin a bheith amhlaidh i gcás lamháltas, i gcás seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sonracha eile, agus i gcás foilsiú deonach nósanna imeachta soláthair atá faoi bhun thairseacha soláthair an Aontais Eorpaigh, mar shampla. | | | | | | | O | O | O | O | O | M | M | | | O | O | O | O | M | M | O | O | O | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | |
| ++ | BT-106 | Nós Imeachta Brostaithe | Táscaire | Is féidir an teorainn ama chun iarratais ar rannpháirtíocht nó tairiscintí a fháil sa nós imeachta seo a laghdú mar gheall ar staid phráinne. | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | | | | | | | | | | | O | O | O | | | | | | | | | |
| ++ | BT-1351 | Údar leis an Nós Imeachta Brostaithe | Téacs | An t-údar le nós imeachta brostaithe a úsáid. | | | | | | | | | | | | | | | | M | O | M | | | | | | | | | | | O | O | O | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-136 | Cód Údair um Dhámhachtain Dhíreach | Cód | Údar le nós imeachta a úsáid a fhágann gur féidir conarthaí a dhámhachtain go díreach, i.e. nós imeachta nach n-éilítear leis glao ar iomaíocht a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | M | | | | | |
| ++ | BT-1252 | Aitheantóir Nós Imeachta Roimhe seo maidir le hÚdar le Dámhachtain Dhíreach | Aithea-ntóir | Aitheantóir nós imeachta roimhe seo ar údar é le nós imeachta a úsáid a fhágann gur féidir conarthaí a dhámhachtain go díreach, i.e. údar le nós imeachta nach n-éilítear leis glao ar iomaíocht a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | M | | | | | |
| ++ | BT-135 | Téacs an Údar le Dámhachtain Dhíreach | Téacs | An t-údar le nós imeachta a úsáid a fhágann gur féidir conarthaí a dhámhachtain go díreach, i.e. nós imeachta nach n-éilítear leis glao ar iomaíocht a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | M | | | | | |
| ++ | BT-31 | Uaslíon Beart a Cheadaítear | Líon | An t-uaslíon beart ar féidir le tairgeoir amháin cur isteach orthu. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | M | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-763 | Gach Beart a Theastaíonn | Táscaire | Ní mór don tairgeoir tairiscint a chur isteach i leith gach birt. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-33 | Uaslíon Beart arna nDámhachtain | Líon | Uaslíon na mbeart ar féidir conradh nó conarthaí a dhámhachtain d'aon tairgeoir amháin ina leith. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BG-330 | Dámhachtain Grúpa Beart | - | Féadfaidh tairgeoirí tairiscintí a chur isteach ar bheart aonair, agus ar na grúpaí beart a thugtar anseo freisin. Ansin, féadfaidh an ceannaitheoir comparáid a dhéanamh idir na tairiscintí arna gcur isteach le haghaidh grúpaí beart agus na tairiscintí arna gcur isteach le haghaidh bearta aonair d'fhonn a mheas cén rogha is fearr a chomhlíonann na critéir dhámhachtana. Ní mór critéir dhámhachtana shoiléire a bheith le gach grúpa beart. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| +++ | BT-330 | Aitheantóir Grúpa | Aithea-ntóir | Aitheantóir grúpa beart sa nós imeachta. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| +++ | BT-1375 | Aitheantóir Grúpa Beart | Aithea-ntóir | Aitheantóir a bhaineann le beart laistigh den nós imeachta atá ina chuid de ghrúpa beart ar féidir tairiscint amháin a chur isteach ina leith agus í a mheas. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BG-709 | An Dara Céim | - | Faisnéis faoin dara céim de phróiseas ina bhfuil dhá chéim. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó bheart go chéile. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BT-50 | Íoslíon Iarrthóirí | Líon | An t-íoslíon iarrthóirí a n-iarrfar orthu bheith páirteach sa dara céim den nós imeachta. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-661 | Tascaire an Uaslín Iarrthóirí | Táscaire | Tá uaslíon iarrthóirí ann a n-iarrfar orthu bheith páirteach sa dara céim den nós imeachta. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-51 | Uaslíon Iarrthóirí | Líon | An t-uaslíon iarrthóirí a n-iarrfar orthu bheith páirteach sa dara céim den nós imeachta. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-52 | Laghdú de Réir a Chéile | Táscaire | Reáchtálfar an nós imeachta i gcéimeanna i ndiaidh a chéile. Féadfar roinnt rannpháirtithe a chur amach ag gach céim. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-120 | Ní Gá Caibidlíocht a Dhéanamh | Táscaire | Coimeádann an ceannaitheoir an ceart an conradh a dhámhachtain ar bhonn na dtairiscintí tosaigh gan tuilleadh caibidlíochta. | | | | | | | | | | | | | | | | M | | | | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| + | BG-704 | Luach Saothair agus Moltóirí | - | Faisnéis faoin luach saothair agus faoi na moltóirí i gcomórtas deartha. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó bheart go chéile. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BG-44 | Duais | - | Faisnéis faoi luach agus rangú na duaise do bhuaiteoir i gcomórtas deartha, comhpháirtíocht nuálaíochta nó idirphlé iomlaíoch (e.g. 10 000 EUR - 1ú áit', '5 000 EUR - 2ú háit). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-644 | Luach na Duaise | Luach | Luach na duaise, más ann di, don bhuaiteoir i gcomórtas deartha, i gcomhpháirtíocht nuálaíochta nó in idirphlé iomaíoch | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-44 | Rangú Duaise | Líon | An áit (e.g. an chéad áit, an dara háit) i gcomórtas deartha, comhpháirtíocht nuálaíochta nó idirphlé iomaíoch a fhaigheann an duais. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-41 | Conradh Leantach | Táscaire | Aon chonradh seirbhíse a leanfaidh an comórtas, is do bhuaiteoir de bhuaiteoirí an chomórtais a dhéanfar é a dhámhachtain. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-45 | Luach Saothair Eile | Téacs | Tuilleadh faisnéise faoi chonarthaí leantacha, duaiseanna agus íocaíochtaí (mar shampla, duaiseanna neamhairgeadúla, íocaíochtaí as an rannpháirtíocht). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 | 31 | 32 | 33 | 34 | 35 | 36 | 37 | 38 | 39 | 40 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-42 | Cangailteach ar Chinneadh na Moltóirí | Táscaire | Tá cinneadh na moltóirí ina cheangal ar an gceannaitheoir. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-46 | Ainm Bhaill na Moltóirí | Téacs | Ainm duine de na moltóirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-47 | Ainm an Rannpháirtí | Téacs | Ainm rannpháirtí atá roghnaithe cheana féin. D'fhéadfadh sé gur roghnaíodh rannpháirtí cheana féin tráth a foilsíodh an fógra maidir le comórtas deartha toisc, mar shampla, go raibh sé beartaithe an comórtas a chur chun cinn i measc na rannpháirtithe ionchasacha leis an bhfaisnéis go mbeadh ailtire sárchlúiteach páirteach ann. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| + | BG-701 | Forais Eisiaimh | - | Tuairisc ghairid ar na critéir maidir le staid phearsanta tairgeora a bhféadfaí é a eisiamh mar gheall orthu. Tabharfar liosta de na critéir sin ar fad leis seo agus ní mór an fhaisnéis a éilítear a shonrú (e.g. féindearbhú, doiciméadacht). Is féidir forais eisiaimh náisiúnta sonracha a bheith san áireamh leis seo freisin. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-67 | Forais Eisiaimh | Téacs | Tuairisc ghairid ar na critéir maidir le staid phearsanta tairgeora a bhféadfaí é a eisiamh mar gheall orthu. Tabharfar liosta de na critéir sin ar fad leis seo agus ní mór an fhaisnéis a éilítear a shonrú (e.g. féindearbhú, doiciméadacht). Is féidir forais eisiaimh náisiúnta sonracha a bheith san áireamh leis seo freisin. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| + | BG-702 | Critéir Roghnúcháin | - | Faisnéis faoi na critéir (nó faoin gcritéar) roghnúcháin. Ní mór na critéir ar fad a liostú. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó bheart go chéile. | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-747 | Cineál na gCritéar Roghnúcháin | Cód | Baineann na critéir (nó an critéar) le seasamh eacnamaíoch agus airgeadais nó cumas teicniúil agus gairmiúil, mar shampla. | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-748 | Critéir Roghnúcháin a Úsáidtear | Cód | Tá na critéir (nó an critéar) den chineál i gceist ina gcritéir (ina chritéar) a úsáideadh, nár úsáideadh, nó (i gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáideadh mar ghlao ar iomaíocht nó chun teorainneacha ama a laghdú) ní fios go fóill. | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-749 | Ainm na gCritéar Roghnúcháin | Téacs | Ainm na gcritéar (nó an chritéir) roghnúcháin. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-750 | Tuairisc ar na Critéir Roghnúcháin | Téacs | An tuairisc achomair ar na critéir (nó ar an gcritéar) roghnúcháin, lena n-áirítear riachtanais íosta, faisnéis a éilítear (e.g. féindearbhú, doiciméadacht) agus an chaoi a n-úsáidfear na critéir nó an critéar chun iarrthóirí a roghnú le cuireadh a thabhairt dóibh chuig an dara céim den nós imeachta (má socraíodh uaslíon iarrthóirí). | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-40 | Critéir Roghnúcháin don Chuireadh chuig an Dara Céim | Táscaire | Úsáidfear na critéir (an critéar) chun na hiarrthóirí a roghnú (agus chuige sin amháin) le cuireadh a thabhairt dóibh chuig an dara céim den nós imeachta (má socraíodh uaslíon iarrthóirí). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | O | M | M | M | | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BG-72 | Líon na gCritéar Roghnúcháin don Chuireadh chuig an Dara Céim | - | Faisnéis faoi líon áirithe a bhaineann leis na critéir (nó critéar) roghnúcháin a úsáidtear chun na hiarrthóirí a roghnú le cuireadh a thabhairt dóibh chuig an dara céim den nós imeachta. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-752 | Líon na gCritéar Roghnúcháin don Chuireadh chuig an Dara Céim | Líon | Líon áirithe a bhaineann leis na critéir (nó leis an gcritéar) roghnúcháin. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-7531 | Ualach Líon na gCritéir Roghnúcháin don Chuireadh chuig an Dara Céim | Cód | Más cineál ualaigh (e.g. céatadán) é an líon a bhaineann le critéar (nó critéir) roghnúcháin. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| +++ | BT-7532 | Tairseach Líon na gCritéir Roghnúcháin don Chuireadh chuig an Dara Céim | Cód | Más é cineál tairsí (e.g. scór íosta, uaslíon tairgeoirí a bhfuil an scór pasála is airde acu) é an líon a bhaineann le critéar (nó critéir) roghnúcháin. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| + | BG-705 | Riachtanais Eile | - | Faisnéis faoi aon riachtanais eile le bheith páirteach sa nós imeachta agus na téarmaí a mbeidh an conradh a dhámhfar faoina rialú. Cuimseofar tuairisc ar na modhanna lena bhfíorófar na riachtanais sna riachtanais. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-71 | Rannpháirtíocht Fhorchoimeádta | Cód | Má tá an rannpháirtíocht forchoimeádta le haghaidh eagraíochtaí sonracha (e.g. ceardlanna dídeanacha, eagraíochtaí a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu). | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-79 | Cáilíochtaí na Foirne Feidhmiúcháin | Cód | Más gá ainmneacha agus cáilíochtaí gairmiúla a sholáthar i dtaobh na mball foirne a shanntar chun an conradh a chur i gcrích. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-578 | Imréiteach Slándála | Táscaire | Teastaíonn imréiteach slándála. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-78 | Spriocdháta an Imréitigh Slándála | Dáta | An teorainn ama ina féidir le tairgeoirí imréiteach slándála a fháil mura bhfuil sé acu cheana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-732 | Tuairisc ar an Imréiteach Slándála | Téacs | Faisnéis bhreise faoin imréiteach slándála (e.g. cén leibhéal imréitigh slándála a éilítear, cé na baill foirne nach mór é a bheith acu, más gá é cheana féin chun na doiciméid soláthair a rochtain nó chun an conradh a chur i gcrích amháin). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-801 | Comhaontú Rúndachta | Táscaire | Tá gá le comhaontú neamhnochta. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-802 | Tuairisc ar an gComhaontú Rúndachta | Téacs | Eolas breise faoin gcomhaontú rúndachta. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| + | BG-711 | Téarmaí an Chonartha | - | Faisnéis faoi na téarmaí a mbeidh an conradh amach anseo faoina rialú. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-736 | Cur i nGníomh Forchoimeádta | Cód | Más gá an conradh a chur i gcrích laistigh de chláir fostaíochta dídeanaí. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-761 | Foirm Dhlíthiúil Tairgeora | Táscaire | Grúpa tairgeoirí a ndéantar conradh a dhámhachtain dóibh, ní mór dóibh foirm dhlíthiúil áirithe a ghlacadh. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-76 | Tuairisc ar an bhFoirm dhlíthiúil Tairgeora | Téacs | An fhoirm dhlíthiúil nach mór do ghrúpa tairgeoirí a ndéantar conradh a dhámhachtain dóibh a ghlacadh. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-70 | Téarmaí um Chomhlíonadh | Téacs | An phríomhfhaisnéis faoi fheidhmíocht an chonartha (e.g. táirgí insoláthartha idirmheánacha, cúiteamh as damáistí, cearta maoine intleachtúla). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | O | O | M | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-92 | Ríomhordú | Táscaire | Úsáidfear ríomhordú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-77 | Téarmaí Airgeadais | Téacs | An phríomhfhaisnéis faoi mhaoiniú agus faoi íocaíocht agus/nó tagairt d'aon fhorálacha lena rialaítear iad. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | O | O | M | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-743 | Ríomhshon-rascú | Cód | Má tá ríomhshonraisc riachtanach, ceadmhach nó coiscthe de réir an cheannaitheora. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-93 | Ríomhíocaíocht | Táscaire | Úsáidfear ríomhíocaíocht. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-65 | Oibleagáid maidir le Fochonrai-theoireacht | Cód | Oibleagáid atá le comhlíonadh ag an tairgeoir maidir le fochonraitheoireacht. | | | | | | | | | O | | | | | | | | | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-64 | Oibleagáid Íosta maidir le Fochonrai-theoireacht | Líon | An céatadán íosta de luach an chonartha nach mór don chonraitheoir a ligean ar fochonradh ag úsáid an nós imeachta iomaíoch a bhfuil tuairisc air i dTeideal III de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | | | | | | | | | O | | | | | | | | | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-729 | Oibleagáid Uasta maidir le Fochonrai-theoireacht | Líon | An céatadán uasta de luach an chonartha nach mór don chonraitheoir a ligean ar fochonradh ag úsáid an nós imeachta iomaíoch a bhfuil tuairisc air i dTeideal III de Threoir 2009/81/CE. | | | | | | | | | O | | | | | | | | | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| + | BG-707 | Critéir Dhámhachtana | - | Faisnéis faoi na critéir dhámhachtana. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó bheart go chéile. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| ++ | BG-38 | Critéar Dámhachtana | - | Faisnéis faoin gcritéar dámhachtana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| +++ | BT-539 | Cineál Critéir Dámhachtana | Cód | Má bhaineann an critéar lena mbaineann leis an bpraghas, leis an gcostas, nó le gné den tairiscint nach mbaineann le praghas ná costas. (Is é an praghas éadála an praghas; is ionann na costas agus aon chritéar airgeadúil eile nach é an praghas é.) | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| +++ | BT-734 | Ainm an Chritéir Dámhachtana | Téacs | Ainm an chritéir dámhachtana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | |
| +++ | BT-540 | Tuairisc ar an gCritéar Dámhachtana | Téacs | An tuairisc ar an gcritéar dámhachtana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| +++ | BG-541 | Uimhir an Chritéir Dámhachtana | - | Faisnéis faoi uimhir áirithe a bhaineann le critéar dámhachtana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| ++++ | BT-541 | Uimhir an Chritéir Dámhachtana | Líon | Uimhir a bhaineann le critéar dámhachtana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| ++++ | BT-5421 | Ualach Uimhir an Chritéir Dámhachtana | Cód | Más cineál ualaigh (e.g. céatadán) an uimhir a bhaineann le critéar dámhachtana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| ++++ | BT-5422 | Uimhir Sheasta an Chritéir Dámhachtana | Cód | Más luach seasta (e.g. praghas seasta, costas seasta) an uimhir a bhaineann le critéar dámhachtana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++++ | BT-5423 | Tairseach Uimhir an Chritéir Dámhachtana | Cód | Más cineál tairsí (e.g. scór íosta, uaslíon tairgeoirí a bhfuil an scór pasála is airde acu) í an uimhir a bhaineann le critéar dámhachtana. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| ++ | BT-543 | Critéir Dhámhachtana Chasta | Téacs | An chothromóid mhatamaiticiúil nó aon tuairisc eile a úsáidtear le hualú casta a dhéanamh ar chritéir (e.g. ualú neamhlíneach, próiseas an ordlathais anailísigh) nuair nach féidir ualú a shloinneadh in aghaidh an chritéir. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | M | M | O | O | O | O | O | | | |
| ++ | BT-733 | Údar le hOrd an Chritéir Dámhachtana | Téacs | An t-údar le gan ach ord tábhachta na gcritéar dámhachtana a liostú, seachas a n-ualú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | |
| + | BG-706 | Teicnící | - | Faisnéis faoi úsáid tacar teicnící e.g. creat-chomhaontuithe gan an iomaíocht a athoscailt, creat-chomhaontuithe maille le hathoscailt na hiomaíochta, córais dhinimiciúla cheannaigh, agus ríomhcheantanna. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | O | | M | M | M | O | O | O | M | | | O | O | O | | M | M | M | O | O | O | O | | | | | |
| ++ | BT-765 | Creat-chomhaontú | Cód | Má tá creat-chomhaontú i gceist lena mbaineann iomaíocht a athoscailt, gan iomaíocht a athoscailt, nó iomaíocht a athoscailt agus gan iomaíocht a athoscailt. | | | | O | O | O | M | M | M | M | M | O | O | | | M | M | M | | O | O | M | | | O | O | O | | M | M | M | | O | O | | | | | | |
| ++ | BT-778 | Uaslíon Rannpháirtithe an Chreata | Táscaire | Tá uaslíon rannpháirtithe sa chreat-chomhaontú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | M | O | M | | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-113 | Uaslíon Rannpháirtithe an Chreata | Líon | An t-uaslíon rannpháirtithe sa chreat-chomhaontú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | M | O | M | | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-109 | Údar le Tréimhse an Chreata | Téacs | An t-údar le cásanna eisceachtúla ina sáraíonn tréimhse na gcreat-chomhaontuithe na teorainneacha dlíthiúla. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | M | M | M | | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-111 | Catagóirí Cheannaitheoirí an Chreata | Téacs | Aon chatagóirí breise ceannaitheoirí atá rannpháirteach sa chreat-chomhaontú agus nach luaitear as a n-ainm (e. g. 'gach ospidéal i réigiún na Tuscáine'). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | | | |
| ++ | BT-766 | Córas Dinimiciúil Ceannaigh | Cód | Má tá córas dinimiciúil ceannaigh i gceist agus, i gcás comhlachtaí lárnacha ceannaigh, más féidir le ceannaitheoirí nach bhfuil liostaithe san fhógra é a úsáid. | | | | O | O | O | M | M | O | M | M | O | O | | | M | M | O | | O | O | O | | | O | O | O | | M | M | O | | O | O | | | | | | |
| ++ | BT-119 | Foirceannadh an Chórais Dhinimiciúil Ceannaigh | Táscaire | Tá an córas dinimiciúil ceannaigh foirceanta. Ní dhéanfar a thuilleadh conarthaí, diomaite díobh sin atá foilsithe san fhógra seo, a dhámhachtain faoin gcóras dinimiciúil ceannaigh. Is féidir an réimse seo a úsáid fiú mura ndéantar aon chonarthaí a dhámhachtain san fhógra maidir le dámhachtain conartha. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | O | | O | O | | | | | | |
| ++ | BT-767 | Ríomhcheant | Táscaire | Úsáidtear ríomhcheant. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | M | M | O | O | O | M | | | | | | | M | M | M | O | O | O | O | | | | | |
| ++ | BT-123 | URL an Ríomhcheant | URL | Seoladh idirlín an ríomhcheant. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-122 | Tuairisc ar an Ríomhcheant | Téacs | Aon fhaisnéis bhreise faoin ríomhcheant. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| + | BG-100 | Cumarsáid | - | Faisnéis ghinearálta faoin gcumarsáid leis an gceannaitheoir nó leis na ceannaitheoirí. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | O | O | O | M | O | M | M | M | M | M | M | O | O | O | O | M | M | M | M | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | M | M | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-632 | Ainm na hUirlise | Téacs | Ainm na huirlise nó na feiste leictreonaí a úsáidtear le haghaidh cumarsáid leictreonach. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-724 | Uirlis Neamhthipiciúil | Táscaire | Éilítear leis an gcumarsáid leictreonach úsáid uirlisí agus feistí nach mbíonn le fáil de ghnáth. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-124 | URL na Uirlise Neamhthipi-ciúla | URL | Éilítear leis an gcumarsáid leictreonach úsáid uirlisí agus feistí nach mbíonn le fáil de ghnáth. An t-aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne (e.g. an seoladh gréasáin) lena dtugtar rochtain gan srian agus rochtain iomlán dhíreach ar na huirlisí agus na feistí sin. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-127 | Fógra sa Todhchaí | Dáta | An dáta measta le haghaidh foilsiú fógra conartha faoin nós imeachta seo. | | | | M | O | M | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-631 | Spéis sa Chuireadh a Sheoladh | Dáta | An dáta measta le haghaidh sheoladh na gcuirí chun spéis a dhearbhú. | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-130 | Tairiscint an Chuiridh a Sheoladh | Dáta | An dáta measta le haghaidh sheoladh na gcuirí chun tairiscintí a chur isteach i nósanna imeachta dhá chéim (nó breis agus dhá chéim). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-99 | Tuairisc ar Spriocdháta an Athbhreithnithe | Téacs | An tuairisc ar na teorainneacha ama le haghaidh nósanna imeachta athbhreithnithe. | | | | | | | M | M | M | M | M | O | O | O | O | M | M | M | M | O | O | | O | O | O | O | O | O | M | M | M | M | O | O | O | O | O | O | O | O |
| + | BG-101 | Doiciméid Soláthair | - | Faisnéis faoi na doiciméid soláthair. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | M | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-15 | URL na nDoiciméad | URL | An seoladh idirlín chun rochtain a fháil ar na doiciméid soláthair (nó ar an gcuid díobh nach bhfuil srianta). I gcás gach fógra nach fógra réamhfhaisnéise é, tabharfar rochtain dhíreach (i.e. an leathanach gréasáin féin ar a bhfuil na doiciméid, seachas suíomh gréasáin ginearálta) gan srian (e.g. gan chlárú), iomlán (i.e. tá na doiciméid soláthair ann ina n-iomláine) agus saor in aisce ar fáil leis an seoladh agus beidh siad ar fáil cheana féin tráth fógra a fhoilsiú. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | M | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-708 | Doiciméid Tangacha Oifigiúla | Cód | An teanga (na teangacha) ina bhfuil na doiciméid soláthair le fáil go hoifigiúil. Is ionann an bhailíocht dhlíthiúil do na leaganacha teanga seo. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-737 | Doiciméid Teangacha Neamhoifigiúla | Cód | An teanga (na teangacha) ina bhfuil na doiciméid soláthair (nó codanna díobh) le fáil go neamhoifigiúil. Ní aistriúchán oifigiúil iad na leaganacha teanga sin, is mar eolas a chuirtear ar fáil iad. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-14 | Doiciméid Srianta | Táscaire | Tá an rochtain ar dhoiciméid soláthair áirithe srianta. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | M | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-707 | Údar le Doiciméid Shrianta | Cód | An t-údar le srian a chur leis an rochtain ar dhoiciméid soláthair áirithe. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-615 | URL na nDoiciméad Srianta | URL | An seoladh idirlín le faisnéis faoi rochtain a fháil ar na doiciméid soláthair shrianta (nó ar an gcuid shrianta de na doiciméid soláthair). | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | M | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-13 | Spriocdháta don Fhaisnéis Bhreise | Dáta | An teorainn ama le faisnéis bhreise a iarraidh maidir leis an nós imeachta soláthair. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| + | BG-102 | Tearmaí Aighneachta | - | Faisnéis faoi théarmaí aigneachta na tairisceana, iarratais ar rannpháirtíocht nó léirithe spéise. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó bheart go chéile. | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-17 | Ríomhaighneacht tairiscintí | Cód | Cé acu riachtanach, ceadaithe nó coiscthe atá sé go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha tairiscintí, iarratais ar rannpháirtíocht nó léirithe spéise isteach go leictreonach. | | | | | | | O | O | O | M | M | O | O | O | M | M | M | O | O | O | O | O | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-19 | Údar le haighneacht neamhleictreonach tairiscintí | Cód | An t-údar le nach féidir tairiscintí, iarratais ar rannpháirtíocht nó léirithe spéise a chur isteach go leictreonach. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-745 | Tuairisc ar an Aighneacht Neamhleictreonach Tairiscintí | Téacs | An tuairisc ar an gcaoi le tairiscintí, iarratais ar rannpháirtíocht nó léirithe spéise a chur isteach go neamhleictreonach. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-18 | URL na hAighneachta | URL | An seoladh idirlín chun tairiscintí, iarratais ar rannpháirtíocht nó léirithe spéise a chur isteach go leictreonach. Beidh an seoladh chomh díreach agus is féidir (go hidéalach, seoladh tiomnaithe le haghaidh aighneachtaí leictreonacha, seachas suíomh gréasáin ginearálta). | | | | | | | O | O | O | M | M | O | O | O | O | M | M | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-97 | Teanga na hAighneachta | Cód | Teanga ina bhféadfar tairiscintí, iarratais ar rannpháirtíocht nó léirithe spéise a chur isteach. | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | O | M | M | M | M | M | M | M | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-764 | Catalóg Ríomhaigh-neachta Tairiscintí | Cód | Cé acu riachtanach, ceadaithe nó coiscthe atá sé tairiscintí (nó codanna díobh) a chur isteach mar chatalóga leictreonacha. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | | | M | M | O | | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-744 | Ríomhshíniú Aighneachta | Táscaire | Éilítear ríomhshíniú nó ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe (mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-63 | Leaganacha | Cód | Cé acu riachtanach, ceadaithe nó coiscthe atá sé go gcuirfidh tairgeoirí tairiscintí isteach a shásaíonn riachtanais an cheannaitheora ar bhealach atá éagsúil leis an mbealach a mholtar sna doiciméid soláthair. Tá tuilleadh coinníollacha sna doiciméid soláthair maidir le leagan malartach de thairiscintí a chur isteach. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | M | O | M | O | O | O | M | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-769 | Tairiscintí Iomadúla | Táscaire | Féadfaidh tairgeoirí níos mó ná tairiscint amháin a chur isteach (ar bheart áirithe). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-630 | Spriocdháta le Léirithe a Fháil | Dáta | An spriocdháta le léirithe spéise a fháil. | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | | | | | | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-1311 | Spriocdhála le hIarratais a Fháil | Dáta | An spriocdháta le hiarratais ar rannpháirtíocht a fháil. | | | | | | | O | | O | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-131 | Spriocdháta chun Tairiscintí a Fháil | Dáta | An spriocdháta le tairiscintí a fháil. | | | | | | | O | M | O | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-98 | Spriocdháta Bhailíocht na Tairisceana | Tréimh-se | An tréimhse, ón spriocdháta le tairiscintí a chur isteach ar aghaidh, nach mór do thairiscintí a bheith bailí. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-751 | Ráthaíocht Ceangailteach | Táscaire | Tá ceangal ann ráthaíocht a thabhairt. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | O | O | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-75 | Tuairisc ar an Ráthaíocht a bhfuil ceangal ann é a thabhairt. | Téacs | An tuairisc ar an ráthaíocht airgeadais a bhfuil ceangal ar an tairgeoir é a thabhairt nuair a chuirtear tairiscint isteach. Is féidir an ráthaíocht a bheith i bhfoirm íocaíocht le ceannaitheoir nó i bhfoirm doiciméad ó bhanc, mar shampla. De ghnáth, chaillfí an ráthaíocht dá mbeadh an conradh buaite ag tairgeoir agus go ndiúltódh sé é a shíniú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | M | O | O | O | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-651 | Táscaire na Tairisceana Fochonrai-theoireachta | Cód | An fhaisnéis faoi fhochonraitheoireacht nach mór a shonrú sa tairiscint. | | | | | | | | | O | | | | | | | | | M | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-132 | Dáta na hOscailte Poiblí | Dáta | An dáta agus an t-am le haghaidh oscailt phoiblí tairiscintí. | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | | | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-133 | Áit na hOscailte Poiblí | Téacs | An áit (e.g. seoladh fisiceach, URL) a n-osclófar na tairiscintí go poiblí. | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | | | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-134 | Tuairisc ar an Oscailt Phoiblí | Téacs | Tuilleadh faisnéise faoi oscailt phoiblí na dtairiscintí. (Cé a fhéadfaidh páirt a ghlacadh san oscailt agus an gá aon údarú, mar shampla.) | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | | | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-771 | Faisnéise maidir le Tairgeoir Déanach | Cód | Más féidir faisnéis a bhaineann leis an tairgeoir a fhorlíonadh tar éis an spriocdháta le tairiscintí a chur isteach fiú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-772 | Tuairisc ar an bhFaisnéis maidir le Tairgeoir Déanach | Téacs | An tuairisc ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an tairgeoir is féidir a fhorlíonadh tar éis an spriocdháta e tairiscintí a chur isteach fiú. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | |
| + | BG-7 | Toradh an Fhógra | - | Faisnéis faoi thorthaí uile an nós imeachta nó an bhirt aonair a fógraíodh san fhógra seo, más ann dá leithéid. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | | | O | O | O |
| ++ | BT-161 | Luach an Fhógra | Luach | Luach na gconarthaí uile arna ndámhachtain faoin bhfógra seo, lena n-áirítear roghanna agus athnuachan. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | | | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-118 | Uasluach Chreat an Fhógra | Luach | An t-uasluach is féidir a chaitheamh laistigh de chreat-chomhaontú/na creat-chomhaontuithe a fhógraítear san fhógra seo thar a thréimse/a dtréimhse iomlána, i ngach beart, lena n-áirítear roghanna agus athnuachan, arna ríomh ar bhonn tairiscintí nó tairiscintí buaiteora. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | M | M | M | | M | M | | | | O | O | |
| ++ | BT-1118 | Neas-luach Chreat an Fhógra | Luach | An neas-luach a chaithfear laistigh de chreat-chomhaontú/na creat-chomhaontuithe a fhógraítear san fhógra seo thar a thréimse/a dtréimhse iomlán, i ngach beart, lena n-áirítear roghanna agus athnuachan, arna ríomh ar bhonn tairiscintí nó tairiscintí buaiteora. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | M | M | M | | M | M | | | | O | O | |
| ++ | BG-556 | Uasluach Chreat an Ghrúpa | - | Faisnéis faoin uasluach is féidir a chaitheamh laistigh de chreat-chomhaontú i ngrúpa beart. Is féidir an fhaisnéis sin a sholáthar más ísle uasluach an ghrúpa beart ná suim luachanna na mbeart aonair (e.g. i gcás ina mbeidh an buiséad céanna le roinnt ar bhearta éagsúla). Is uasluachanna iad sin arna ríomh ar bhonn tairiscintí an bhuaiteora nó tairiscintí na mbuaiteoirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | O | O | |
| +++ | BT-556 | Aitheantóir Beart Uasluacha Chreat an Ghrúpa | Aithea-ntóir | Aitheantóir a bhaineann le beart laistigh den nós imeachta atá ina chuid de ghrúpa beart a bhfuil a uasluach níos ísle ná suim uasluachanna na mbeart aonair (e.g. nuair a roinntear an buiséad céanna le haghaidh roinnt beart). Is uasluachanna iad sin arna ríomh ar bhonn tairiscintí an bhuaiteora nó tairiscintí na mbuaiteoirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | O | O | |
| +++ | BT-156 | Uasluach Athríofa an Chreata | Luach | Is é an t-uasluach uasta athríofa é is dócha a chaithfear ar ghrúpa beart laistigh den nós imeachta. Is féidir an fhaisnéis sin a sholáthar más ísle luach uasta an ghrúpa beart ná suim luachanna na mbeart aonair (e.g. i gcás ina mbeidh an buiséad céanna le roinnt ar bhearta éagsúla). Cumhdaítear sa luach na conarthaí uile atá le dámhachtain laistigh de chreat-chomhaontú, feadh a fhaid ama ina iomláine, roghanna agus athnuachan san áireamh. Athríomhtar an luach ar bhonn thairiscintí an bhuaiteora nó thairiscintí na mbuaiteoirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | O | O | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BG-5561 | Luach Athmheasta Chreat an Ghrúpa | - | Faisnéis faoin luach is dócha a chaithfear, laistigh de chreat-chomhaontú laistigh le haghaidh grúpa beart. Is féidir an fhaisnéis sin a sholáthar más ísle luach an ghrúpa beart ná suim luachanna na mbeart aonair (e.g. i gcás ina mbeidh an buiséad céanna le roinnt ar bhearta éagsúla). Is éard atá sa luach athmheasta, an luach is dócha a chaithfear, arna athmheas ar bhonn thairiscintí an bhuaiteora nó thairiscintí na mbuaiteoirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | O | O | |
| +++ | BT-5561 | Aitheantóir Beart Luach Athmheasta Chreat an Ghrúpa | Aithea-ntóir | Aitheantóir ceann de roinnt luchtóg laistigh den nós imeachta seo. Is grúpa iad na bearta sin ar lú an luach ar dócha go gcaithfear air é ná suim na luachanna is dócha a chaithfear ar bhearta aonair (e.g. i gcás ina mbeidh an buiséad céanna le roinnt ar roinnt bheart). Is éard atá sa luach athmheasta, an luach is dócha a chaithfear, arna athmheas ar bhonn thairiscintí an bhuaiteora nó thairiscintí na mbuaiteoirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | O | O | |
| +++ | BT-1561 | Luach Athmheasta Chreat an Ghrúpa | Luach | Anluach is dócha a chaithfear, laistigh de chreat-chomhaontú laistigh le haghaidh grúpa beart. Is féidir an fhaisnéis sin a sholáthar nuair is lú an luach is dócha a chaithfear ar ghrúpa beart ná suim na luachanna is dócha a chaithfear ar bhearta aonair (e.g. i gcás ina mbeidh an buiséad céanna le roinnt ar roinnt beart). Cumhdaítear sa luach na conarthaí uile atá le dámhachtain laistigh de chreat-chomhaontú, feadh a fhaid ama ina iomláine, roghanna agus athnuachan san áireamh. Is éard atá sa luach athmheasta, an luach is dócha a chaithfear, arna athmheas ar bhonn thairiscintí an bhuaiteora nó thairiscintí na mbuaiteoirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | O | O | O | | O | O | | | | O | O | |
| ++ | BG-137 | Toradh Bheart an Nós Imeachta | - | Faisnéis faoi thoradh an nós imeachta. Tá an fhaisnéis sin éagsúil ó bheart go chéile. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | O | O | O |
| +++ | BT-142 | Buaiteoir Roghnaithe | Cód | Má roghnaíodh buaiteoir. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | |
| +++ | BT-144 | Fáth nach nDearnadh Dámhachtain | Cód | An fáth nár roghnaíodh buaiteoir. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BT-709 | Uasluach Athríofa an Chreata | Luach | An t-uasluach is féidir a chaitheamh laistigh de creat-chomhaontú thar a thréimhse iomlán, lena n-áirítear roghanna agus athnuachan, arna ríomh bunaithe ar thairiscintí an bhuaiteora nó ar thairiscintí na mbuaiteoirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | M | M | M | | M | M | | | | O | O |
| +++ | BT-660 | Luach Athmheasta an Chreata | Luach | An luach is dócha a chaithfear laistigh de creat-chomhaontú thar a thréimhse iomlán, lena n-áirítear roghanna agus athnuachan, arna n-athmheas bunaithe ar thairiscintí an bhuaiteora nó ar thairiscintí na mbuaiteoirí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | M | M | M | | M | M | | | | O | O |
| +++ | BG-712 | Aighneachtaí a Fuarthas | - | Faisnéis faoi na cineálacha tairiscintí nó iarratas ar rannpháirtíocht a fuarthas. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | |
| ++++ | BT-759 | Líon na nAighneachtaí a Fuarthas | Líon | Líon na dtairiscintí nó na n-iarratas ar rannpháirtíocht a fuarthas. Maidir le tairiscintí ina gcuimsítear leaganacha malartacha nó tairiscintí iomadúla a chuir aon tairgeoir amháin isteach (ar aon bheart amháin), ba cheart iad a áireamh mar aon tairiscint amháin. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | |
| ++++ | BT-760 | Cineál na nAighneachtaí a Fuarthas | Cód | Cineál na dtairiscintí nó na n-iarratas ar rannpháirtíocht a fuarthas. Tabharfar líon iomlán na dtairiscintí a fuarthas. Sa chás nach dtagann fógra faoi Threoir 2009/81/CE agus nach mbaineann sé le seirbhísí sóisialta ná le seirbhísí sonracha eile, ní mór iad seo a leanas a thabhairt freisin: líon na dtairiscintí a fuarthas ó mhicrifhiontair agus ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide; tabharfar líon na dtairiscintí a fuarthas ó thairgeoirí atá cláraithe i dtíortha eile den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus líon na dtairiscintí a fuarthas ó thairgeoirí atá cláraithe i dtíortha atá lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch freisin. Déanfar na tairiscintí go léir a chomhaireamh, is cuma an mbeidh siad inghlactha nó neamh-inghlactha. I gcás tairiscintí a chuireann grúpa tairgeoirí isteach (e.g. cuibhreannais), cuirfear an tairiscint san áireamh sa chatagóir ábhartha (e.g. FBM) má táthar ag súil gur tairgeoirí atá sa chatagóir sin a dhéanfaidh formhór na hoibre (e.g. is FBManna iad). | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BT-710 | Tairiscint den Luach is Ísle | Luach | Luach na tairisceana inghlactha is ísle a luach. Measfar go bhfuil tairiscint inghlactha más tairgeoir nár eisiadh agus a chomhlíon na critéir roghnúcháin a chuir isteach í, agus má tá sí i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla agus mura mbaineann neamhrialtacht léi (e.g. fuarthas déanach í, tá an praghas nó an costas nó an praghas níos ísle ná mar is gnách), mura bhfuil sí do-ghlactha agus mura bhfuil sí mí-oiriúnach. Ní féidir ach tairiscintí ar fíoraíodh ina leith an bhfuil siad inghlactha nó neamh-inghlactha a chur san áireamh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | | | | | | | | | |
| +++ | BT-711 | Tairiscint den Luach is Airde | Luach | Luach na tairisceana inghlactha is airde a luach. Measfar go bhfuil tairiscint inghlactha más tairgeoir nár eisiadh agus a chomhlíon na critéir roghnúcháin a chuir isteach í, agus má tá sí i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla agus mura mbaineann neamhrialtacht léi (e.g. fuarthas déanach í, tá an praghas nó an costas nó an praghas níos ísle ná mar is gnách), mura bhfuil sí do-ghlactha agus mura bhfuil sí mí-oiriúnach. Ní féidir ach tairiscintí ar fíoraíodh ina leith an bhfuil siad inghlactha nó neamh-inghlactha a chur san áireamh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | | | | | | | | | |
| ++ | BG-320 | Tairiscint | - | Faisnéis faoi thairiscint. Tá an fhaisnéis sin éagsúil ó bheart go chéile. I gcás comórtais deartha, creat-chomhaontuithe áirithe, idirphlé iomaíoch agus comhpháirtíochtaí nuálaíochta, mar shampla, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó eagraíocht go chéile. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| +++ | BT-3201 | Aitheantóir Tairisceana | Aithea-ntóir | An t-aitheantóir a ghabhann le tairiscint. Is don tairiscint seo a thagraíonn an fhaisnéis i rannóg na tairisceana. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| +++ | BT-720 | Luach na Tairisceana | Luach | Luach na tairisceana nó toradh eile, lena n-áirítear roghanna agus athnuachan. I gcás an fhógra maidir le mionathrú, luach an mhionathraithe. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | M | M | M | M | M | | | M | M | M |
| +++ | BT-1711 | Tairiscint Rangaithe | Táscaire | Rangaíodh an tairiscint. (Ní hé seo an rangú féin, ach sonraítear leis díreach go ndearnadh an rangú). | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | M | M | M | | M | M | | M | M | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BT-171 | Rangú na Tairisceana | Líon | Áit na tairisceana (i.e. cé acu ar tháinig an tairiscint sa chéad áit, sa dara háit, sa tríú háit, ect.) i gcomórtas deartha, i gcreat-chomhaontú le buaiteoirí iomadúla (e. g. caiséid), i gcomhpháirtíocht nuálaíochta, in idirphlé iomaíoch, nó i nós imeachta eile. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | M | M | M | | M | M | | M | M | O | O | O |
| +++ | BT-162 | Úsáideoir Lamhháltais Ioncaim | Luach | An t-ioncam measta ó úsáideoirí an lamhháltais (e.g. táillí agus fíneálacha). | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | | | | M | | | M | | | | | O |
| +++ | BT-160 | Ceannaitheoir Lamhháltais Ioncaim | Luach | An t-ioncam measta ón gceannaitheoir a dheonaigh an lamhháltas (e.g. táillí agus fíneálacha). | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | | | | M | | | M | | | | | O |
| +++ | BT-163 | Tuairisc ar an Luach an Lamhháltais | Téacs | An tuairisc ar an modh a úsáidtear chun luach measta an lamhháltais a ríomh agus aon fhaisnéis ábhartha eile faoi luach an lamhháltais. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | | | | M | | | M | | | | | O |
| +++ | BT-193 | Leagan den Tairiscint | Táscaire | Leagan malartach is ea an tairiscint. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | M | O | O | O | O | O | O | O | | | |
| +++ | BT-191 | Tír Thionscnaimh | Cód | Tír thionscnaimh don táirge nó don tseirbhís. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | | | | | | | | | | |
| +++ | BG-180 | Fochonrai-theoireacht | - | Faisnéis faoi na codanna den chonradh a ligfidh an conraitheoir ar fochonradh le tríú páirtithe. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | M | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++++ | BT-773 | Fochonrai-theoireacht | Cód | Má tá cuid den chonradh, ar a laghad, le ligean ar fochonradh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | M | M | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++++ | BT-730 | Is eol Luach na Fochonrai-theoireachta | Táscaire | Is eol don cheannaitheoir an luach measta, ar a laghad, atá ar an gcuid sin den chonradh a ligfidh an conraitheoir ar fochonradh le tríú páirtithe. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | O | M | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++++ | BT-553 | Luach na Fochonrai-theoireachta | Luach | An luach measta atá ar an gcuid sin den chonradh a ligfidh an conraitheoir ar fochonradh le tríú páirtithe. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | O | M | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++++ | BT-731 | Is Eol Céatadán na Fochonrai-theoireachta | Táscaire | Is eol don cheannaitheoir an céatadán measta, ar a laghad, den chonradh a ligfidh an conraitheoir ar fochonradh le tríú páirtithe i gcomparáid leis an gconradh ina iomláine. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | O | M | O | O | O | O | | | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++++ | BT-555 | Céatadán na Fochonrai-theoireachta | Líon | An céatadán measta den chonradh a ligfidh an conraitheoir ar fochonradh le tríú páirtithe i gcomparáid leis an gconradh ina iomláine. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | M | O | M | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++++ | BT-554 | Tuairisc ar an bhFochonrai-theoireacht | Téacs | An tuairisc ar an gcuid sin den chonradh a ligfidh an conraitheoir ar fochonradh le tríú páirtithe. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | O | O | O |
| ++ | BG-310 | Conradh | - | Faisnéis faoin gconradh idir ceannaitheoir agus buaiteoir i ndiaidh tairisceana. I gcás fógraí trédhearcachta ex ante deonacha agus fógraí maidir le torthaí ar chomórtas deartha, faisnéis faoi chinneadh an choiste meastóireachta nó na moltóirí, faoi seach. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó thairiscint go chéile. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| +++ | BT-150 | Aitheantóir an Chonartha | Aithea-ntóir | Aitheantóir don chonradh nó, i gcás fógraí trédhearcachta ex ante deonacha agus fógraí maidir le torthaí ar chomórtas deartha, aitheantóir don chinneadh. Is don chonradh nó don chinneadh seo a thagraíonn an fhaisnéis i rannóg an chonartha. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | | | M | M | M |
| +++ | BT-3202 | Aitheantóir do Thairiscint an Chonartha | Aithea-ntóir | Aitheantóir don tairiscint nó toradh eile as ar eascair an conradh seo. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| +++ | BT-721 | Teideal an Chonartha | Téacs | Ainm an chonartha nó, i gcás fógraí trédhearcachta ex ante deonacha agus fógraí maidir le torthaí ar chomórtas dearthar, ainm an chinnidh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| +++ | BT-1451 | Dáta Chinneadh an Bhuaiteora | Dáta | Dáta an chinnidh oifigiúil lena roghnaítear an tairiscint bhuaiteach. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | M | O | O | O | O |
| +++ | BT-145 | Dáta Chur i gCrích an Chonartha | Dáta | An dáta a tugadh an conradh i gcrích.. De ghnáth, is é sin an dáta a shínigh an páirtí conarthach deireanach an conradh. Mura sínítear conradh, áfach, féadfaidh dáta eile a bheith i gceist leis an dáta a tugadh an conradh i gcrích (e.g. an dáta a chuir an ceannaitheoir an tairgeoir buaiteach ar an eolas). Beidh dáta thabhairt i gcrích an chonartha i ndiaidh dheireadh na tréimhse neamhghníomhaíochta i gcónaí agus i ndiaidh dheimhniú na fianaise ar fad a bheadh curtha isteach ag an mbuaiteoir. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | O | O | M | M | M |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BT-768 | Creat-chomhaontú conartha | Táscaire | Tá an conradh á dhámhachtain laistigh de chreat-chomhaontú. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | | | | | |
| +++ | BT-151 | URL an Chonartha | URL | Aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne (e.g. seoladh gréasáin) an chonartha. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| +++ | BG-611 | Cistí AE i gcomhair an Chonartha | - | Faisnéis faoi na cistí de chuid an Aontais a úsáidtear chun an conradh a mhaoiniú. Ní mór an fhaisnéis is nithiúla a thabhairt (e.g. faisnéis faoi thionscadail nithiúla, seachas faoi chláir oibríochtúla amháin.) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++++ | BT-722 | Clár Cistí an Aontais Eorpaigh i gcomhair an Chonartha | Cód | Ainm chlár chistí an Aontais a úsáidtear chun an conradh, nó cuid de ar a laghad, a mhaoiniú. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++++ | BT-5011 | Aitheantóir um Maoiniú Chistí AE don Chonradh | Aithea-ntóir | Aitheantóir do chlár an Aontais a úsáidtear chun an conradh, nó cuid de ar a laghad, a mhaoiniú. Ní mór an fhaisnéis is nithiúla a thabhairt (e.g. uimhir chomhaontaithe deontais, aitheantóir náisiúnta, acrainm tionscadail, uimhir chonartha) | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++++ | BT-6110 | Sonraí faoi Chistí AE don Chonaradh | Téacs | Tuilleadh faisnéise faoi chlár nó faoi thionscadal an Aontais a úsáidtear chun an soláthar a mhaoiniú i bpáirt ar a laghad. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| + | BG-713 | Soláthar Straitéiseach | - | Faisnéis faoin soláthar straitéiseach. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó rannóg go chéile den fhógra. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | B-T-13721 | Aitheantóir Rannóg an Fhógra Soláthair Straitéisigh | Aithea-ntóir | Aitheantóir rannóige amháin nó níos mó san fhógra seo. Is don rannóg seo nó do na rannóga seo a thagraíonn an fhaisnéis i rannóg an tsoláthair straitéisigh. | | | | | | | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M | M |
| ++ | BT-06 | Soláthar Straitéiseach | Cód | Dírítear an nós imeachta soláthair ar thionchair chomhshaoil an tsoláthair a laghdú, cuspóirí sóisialta a chomhlíonadh agus/nó saothar, soláthar nó seirbhís nuálach a cheannach. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-777 | Tuairisc ar an Soláthar Straitéiseach | Téacs | Tuairisc ar an dóigh a bhfuil an nós imeachta soláthair dírithe ar thionchair chomhshaoil an tsoláthair a laghdú, cuspóirí sóisialta a chomhlíonadh agus/nó saothar, soláthar nó seirbhís nuálach a cheannach. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-805 | Critéir maidir le Soláthar Glas | Cód | Áirítear leis an nós imeachta soláthair úsáid a bhaint as critéir sheanbhunaithe um sholáthar poiblí glas (critéir roghnúcháin, sonraíochtaí teicniúla, critéir dhámhachtana agus clásail feidhmíochta conarthaí), ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal eile, más infheidhme. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-774 | Soláthar Glas | Cód | Próiseas chun earraí, seirbhísí agus oibreacha a fháil a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaith ar feadh a saolré ag baint leo. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-775 | Soláthar Sóisialta | Cód | Cuspóir sóisialta a chuirtear chun cinn leis na hoibreacha, leis na soláthairtí nó leis na seirbhísí (e.g. dálaí oibre cothroma). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-776 | Soláthar Nuálaíochta | Cód | Léiriú go bhfuil oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí nuálacha á gceannach. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-754 | Inrochtaineacht | Cód | Critéir inrochtaineachta le haghaidh daoine atá faoi mhíchumas a úsáid sna sonraíochtaí teicniúla. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-755 | Údar le hInrochtai-neacht | Téacs | An t-údar leis nár áiríodh critéir inrochtaineachta d'ainneoin é a bheith beartaithe go n-úsáidfidh daoine nádúrtha an soláthar. | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-717 | Treoir maidir le Feithiclí Glana | Táscaire | Tagann an soláthar faoi raon feidhme Threoir 2009/33/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Treoir maidir le Feithiclí Glana – CVD). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | O | O | O | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BG-714 | Faisnéis CVD | - | Faisnéis faoi na conarthaí agus faoi na feithiclí atá laistigh de raon feidhme CVD | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | O | O | O | | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-735 | Cineál Conartha CVD | Cód | Bunús dlí CVD chun a fháil amach cén chatagóir de chineálacha conartha a bhfuil feidhm acu (ceannach, léasú, cíos, fruiliú, conarthaí seirbhíse poiblí agus conarthaí seirbhíse de réir thábla 1 CVD). | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | O | O | O | | | | | | | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| +++ | BG-7141 | Feithiclí CVD | - | Sonraí faoi na feithiclí i raon feidhme CVD | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | | | | | | O | O | O |
| ++++ | BT-723 | Catagóir na Feithicle | Cód | An chatagóir feithicle a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/33/CE, lena n-áirítear: Feithiclí saothair éadroim (M1, M2, N1); Bus (M3); Trucail (N2, N3); M1; M2; N1; N2; N3. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | | | | | | O | O | O |
| ++++ | BT-715 | Feithiclí | Líon | Líon na bhfeithiclí uile (bídís glan nó ná bídís) atá laistigh de raon feidhme Threoir 2009/33/CE. Tá na feithiclí sin ceannaithe, léasaithe, ar cíos nó fruilcheannaithe nó gealladh i gconradh go n-úsáidfí iad chun seirbhís atá ceannaithe a sholáthar ar seirbhís í atá laistigh de raon feidhme Threoir 2009/33/CE. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | | | | | | O | O | O |
| ++++ | BT-725 | Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha | Líon | Líon na bhfeithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/33/CE agus atá laistigh de raon feidhme na Treorach sin. Tá na feithiclí sin ceannaithe, léasaithe, ar cíos nó fruilcheannaithe nó gealladh i gconradh go n-úsáidfí iad chun seirbhís atá ceannaithe a sholáthar ar seirbhís í atá laistigh de raon feidhme Threoir 2009/33/CE. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | | | | | | O | O | O |
| ++++ | BT-716 | Feithiclí Glana | Líon | Líon na bhfeithiclí glana mar a shainítear i dTreoir 2009/33/CE agus atá laistigh de raon feidhme na Treorach sin. Tá na feithiclí sin ceannaithe, léasaithe, ar cíos nó fruilcheannaithe nó gealladh i gconradh go n-úsáidfí iad chun seirbhís atá ceannaithe a sholáthar ar seirbhís í atá laistigh de raon feidhme Threoir 2009/33/CE. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | | | | | | | O | O | O |
| + | BG-612 | Achoimre ar Athbhreithniú an Cheannaitheora | - | Faisnéis achomair faoi na hiarratais a fuair an ceannaitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheann dá chinntí (e.g. na sonraíochtaí teicniúla, an cinneadh dámhachtana), mar a leagtar amach i dTreoir 89/665/CEE ón gComhairle agus i dTreoir 92/13/CEE ón gComhairle, agus faoi na gearánaigh a chuir na hiarratais isteach. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó bheart go chéile. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-712 | Gearánaithe Athbhreithniú an Cheannaitheora | Líon | Líon na n-eagraíochtaí a d'iarr ar an gceannaitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheann dá chinntí (e. g. na sonraíochtaí teicniúla, an cinneadh dámhachtana). | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BG-613 | Iarratais ar Athbhreithniú an Cheannaitheora | - | Faisnéis faoi líon agus cineál na n-iarratas a fuair an ceannaitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheann dá chinntí (e.g. na sonraíochtaí teicniúla, an cinneadh dámhachtana). | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| +++ | BT-635 | Líon Iarratas ar Athbhreithniú an Cheannaitheora | Líon | Líon na n-iarratas a fuair an ceannaitheoir chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheann dá chinntí. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| +++ | BT-636 | Cineál Neamhrialtachta Iarratas ar Athbhreithniú ag an gCeannaitheoir | Cód | An cineál neamhrialtachta a líomhnaítear sna hiarratais ar athbhreithniú. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| + | BG-710 | Faisnéis Bhreise | - | Féadfaidh an fhaisnéis bhreise sin a bheith éagsúil ó bheart go chéile. I gcás fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear chun críche faisnéise amháin, féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil de réir na coda den fhógra a fhéadfar a iompú ina beart nó ina nós imeachta aisti féin amach anseo. | O | O | O | M | M | O | M | M | O | M | M | O | O | O | M | M | M | O | M | O | O | O | O | O | M | M | O | M | M | M | O | M | O | O | O | O | O | O | O | O |
| ++ | BT-726 | Oiriúnach do FBManna | Táscaire | Tá an ceannaitheoir á léiriú go bhfuil an soláthar seo oiriúnach freisin d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-115 | Cumhdach CSR | Táscaire | Tá an soláthar cumhdaithe faoin gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais (CSR). | | | | M | M | | M | M | | M | M | | | | M | M | M | | M | | | | | | M | M | | M | M | M | | M | | | | | | O | O | O |
| ++ | BT-634 | Athsheoladh Soláthair | Táscaire | Athsheolfar an nós imeachta nó an beart seo a cuireadh ar ceal nó nár éirigh leis. | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | |
| ++ | BT-756 | Foirceannadh Iomaíochta PIN | Táscaire | An fógra réamhfhaisnéise a úsáidtear mar ghlao ar iomaíocht (nó beart sonrach), tá sé foirceanta. Ní dhéanfar aon chonarthaí eile, seachas na conarthaí sin a foilsíodh san fhógra, a dhámhachtain tar éis an fhógra réamhfhaisnéise seo a úsáidtear mar ghlao ar iomaíocht. Is féidir an réimse seo a úsáid fiú mura ndéantar aon chonarthaí a dhámhachtain san fhógra maidir le dámhachtain conartha. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | | | O | O | O | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-300 | Faisnéis Bhreise | Téacs | Aon fhaisnéis bhreise nach bhfuil luaite i gcodanna eile den fhógra. | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O |
| + | BG-8 | Gan Foilsiú Láithreach | - | Faisnéis faoi réimsí nach mbeartaítear a fhoilsiú láithreach. Féadfaidh an fhaisnéis seo a bheith éagsúil ó réimse go chéile. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | |
| ++ | BT-195 | Aitheantóir Neamhfhoilsithe | Aithea-ntóir | Aitheantóir an réimse nach bhfoilseofar láithreach. Is iad na réimsí a bhaineann le luach an Toraidh agus na grúpaí réimsí a bhaineann le Toradh na Tairisceana agus an Nós Imeachta Birt, agus iad sin amháin is féidir a fhágáil gan fhoilsiú. I gcás na Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is féidir na critéir dhámhachtana, an nós imeachta soláthair, dátaí áirithe agus i gcásanna áirithe faisnéis faoi chineál agus faoi chainníocht seirbhíse a fhágáil gan fhoilsiú. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | |
| ++ | BT-197 | Cód an Údair le Neamhfhoilsiú | Cód | An t-údar le nár foilsíodh réimse láithreach. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | |
| ++ | BT-196 | Tuairisc ar an Údar le Neamhfhoilsiú | Téacs | An t-údar le gan réimse a fhoilsiú láithreach agus le dáta is déanaí a roghnú ar ar féidir é a fhoilsiú. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | |
| ++ | BT-198 | Dáta Rochtana Neamhfhoilsithe | Dáta | An dáta is déanaí ar a bhfoilseofar an réimse a bhí gan foilsiú. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | O | | | | | |
| + | BG-77 | Mionathrú | - | Faisnéis faoi mhionathruithe ar an gconradh (e.g. oibreacha, seirbhísí nó soláthairtí breise). Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó rannóg go chéile den fhógra roimhe sin. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M |
| ++ | BT-1501 | Mionathrú ar Aitheantóir Rannóg an Fhógra Roimhe Seo | Aithea-ntóir | Aitheantóir do rannóg amháin nó níos mó laistigh d'fhógra roimhe sin laistigh den nós imeachta. Is don rannóg seo nó do na rannóga seo a thagraíonn an fhaisnéis i rannóg an mhionathraithe. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M |
| ++ | BT-202 | Tuairisc ar an Mionathrú | Téacs | Achoimre ar an mionathrú nó ar na mionathruithe ar an gconradh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M |

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ++ | BT-200 | Cód na Cúise leis an Mionathrú | Cód | An príomhchúis leis an gconradh a mhionathrú. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M |
| ++ | BT-201 | Tuarisc ar an gCúis leis an Mionathrú | Téacs | An tuairisc ar an gcúis is mó ar mionathraíodh an conradh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | M | M | M |
| + | BG-9 | Athrú | - | Faisnéis faoi athruithe ar an bhfógra. Féadfaidh an fhaisnéis sin a bheith éagsúil ó rannóg go chéile den fhógra roimhe sin. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | B-T-13716 | Aitheantóir Athrú na Rannóige Fógra roimhe seo | Aithea-ntóir | Aitheantóir rannóige amháin nó níos mó san fhógra atá athraithe. Is don rannóg seo nó do na rannóga seo a thagraíonn an fhaisnéis i rannóg an athraithe. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-758 | Aitheantóir an Athraithe ar Leagan an Fhógra | Aithea-ntóir | An tagairt don leagan den fhógra roimhe seo ba cheart a athrú. Cuidíonn sé sin, mar shampla, le súil a choinneáil ar leaganacha d'fhógraí nó ar athruithe ar fhógraí sula bhfoilsítear iad. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-141 | Tuairisc ar an Athrú | Téacs | An tuairisc ar athruithe ar an bhfógra i gcomparáid leis an bhfógra bunaidh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-718 | Athrú ar na doiciméid soláthair | Táscaire | Tá na doiciméid soláthair athraithe. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-719 | Dáta an Athraithe ar na Doiciméid Soláthair | Dáta | An dáta agus an t-am a athraíodh na doiciméid soláthair. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-140 | Cód na cúise leis an Athrú | Cód | An fáth is mó ar athraíodh an fógra i gcomparáid leis an bhfógra bunaidh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ++ | BT-762 | Tuairisc ar an gCúis leis an Athrú | Téacs | An tuairisc ar an gcúis is mó ar athraíodh an fógra i gcomparáid leis an bhfógra bunaidh. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2304 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24 Samhain 2022**

**lena n-ainmnítear saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 93(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2156 ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach.

(2) Tar éis saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach a bhunú, agus i gcomhréir le hAirteagal 93(2), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/625, lean an Coimisiún próiseas roghnúcháin poiblí chun saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach a ainmniú.

(3) Ceapadh coiste meastóireachta agus roghnúcháin don phróiseas roghnúcháin poiblí chun saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach a ainmniú. Tháinig an coiste meastóireachta agus roghnúcháin sin ar an gconclúid go gcomhlíonann an tsaotharlann Iodálach Istituto Zooprofilattico Sperimentale dell'Abruzzo e del Molise "G. Caporale" na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 93(3) de Rialachán (AE) 2017/625 agus go bhfuil sé in ann na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 94 den Rialachán sin a dhéanamh.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an tsaotharlann Iodálach Istituto Zooprofilattico Sperimentale dell'Abruzzo e del Molise "G. Caporale" a ainmniú mar shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach. Ba cheart a chlár oibre a bheith i gcomhréir le cuspóirí agus tosaíochtaí na gclár oibre ábhartha arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(5) Chun a áirithiú go gcoinnítear ar bun an leibhéil iomchuí modhanna anailíse, tástála nó diagnóise, mar aon le forbairt na modhanna bailíochtaithe agus cúnamh comhordaithe na saotharlainne oifigiúla, agus i gcomhréir le hAirteagal 93(2), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/625, ba cheart athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar an ainmniúchán mar shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh.

(6) Ba cheart an Rialachán seo a bheith infheidhme ón 1 Eanáir 2023, an dáta ar cheart do shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach tús a chur lena gníomhaíochtaí.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2156 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh a bhunú le haghaidh an heipitíteas eansótach (IO L 436, 7.12.2021, lch. 26).

([3]) Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, agus (AE) Uimh. 652/2014 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ainmnítear an tsaotharlann seo a leanas mar shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh heipitíteas eansótach:

Istituto Zooprofilattico Sperimentale dell'Abruzzo e del Molise "G. Caporale", Via Campo Boario, 64100 Teramo (TE), an Iodáil.

*Airteagal 2*

Déanfar athbhreithniú tráthrialta ar an ainmniúchán in Airteagal 1.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2305 ÓN gCOIMISIÚN

## an 24 Samhain 2022

## lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí ísealriosca Ola éisc a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) i gcomhar le hAirteagal 22(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún ([2]) áiríodh Ola éisc mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]).

(2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Formheas na substainte gníomhaí Ola éisc, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 31 Lúnasa 2023.

(4) Cuireadh isteach iarratas chuig Poblacht na Seice, an Ballstát is rapóirtéir, chun an formheas ar an tsubstaint ghníomhach Ola éisc a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.

(5) Chuir an t-iarratasóir isteach na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.

(6) D'ullmhaigh Poblacht na Seice dréacht-tuarascáil ar mheasúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an bhFrainc, an Ballstát is comhrapóirtéir, agus chuir sí faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 10 Meán Fómhair 2020. Ina dréacht-tuarascáil ar mheasúnú ar athnuachan, bheartaigh Poblacht na Seice an formheas ar Ola éisc a athnuachan mar shubstaint ísealriosca.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 2008/127/CE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt substaintí gníomhacha a áireamh (IO L 344, 20.12.2008, lch. 89).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26). Cuireadh Rialachán (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin seo ach, mar sin féin, beidh feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024, (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

(7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil go poiblí. Chuir an tÚdarás an dréacht-tuarascáil ar mheasúnú ar athnuachan faoi bhráid an iarratasóra agus na mBallstát freisin chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún. An 16 Nollaig 2021, chuir an tÚdarás a chonclúid ([6]) in iúl don Choimisiún go bhféadfaí coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh Ola éisc na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. An 30 Márta 2022 chuir an Coimisiún dréacht-tuarascáil athnuachana maidir le saill caoireola faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, agus chuir sé dréacht den Rialachán seo faoina bhráid an 17 Bealtaine 2022.

(8) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, a bharúlacha maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, barúlacha a scrúdaíodh go cúramach agus a cuireadh san áireamh i gcás inarb iomchuí.

(9) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach Ola éisc, suíodh go gcomhlíontar na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(10) Thairis sin, measann an Coimisiún gur substaint ghníomhach ísealriosca atá in Ola éisc de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ní substaint arb údar imní í Ola éisc agus comhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(11) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas Ola éisc mar shubstaint ísealriosca a athnuachan.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch agus an eolais theicniúil atá ann faoi láthair, áfach, is gá íonacht íosta a leagan síos i leith na substainte gníomhaí faoi mar a mhonaraítear í chun bonn taca a chur faoi shábháilteacht na substainte gníomhaí atá le húsáid i dtáirgí cosanta plandaí.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(14) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/708 ón gCoimisiún ([7]) cuireadh síneadh leis an tréimhse formheasa le haghaidh Ola éisc go dtí an 31 Lúnasa 2023 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, áfach, beidh feidhm ag an Rialachán seo a luaithe is féidir.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Formheas na substainte gníomhaí a athnuachan**

Déantar formheas na substainte gníomhaí Ola éisc, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

([6]) EFSA Journal (Iris EFSA) 2022.20(1):10600, 39 Lch. doi:10.2903/j.efsa.2022.10600 Le fáil ar líne: www.efsa.europa.eu.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/708 ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha eistear meitile 2,5-aigéid dhéchlóraibeansóch, aigéad aicéiteach, aclóinífein, sulfáit amóiniam alúmanaim, foisfíd alúmanaim, sileacáit alúmanaim, beaflubútaimíd, beintiavalacarb, boscailid, cairbíd chailciam, captán, ciamocsainil, démheatomorf, dódamorf, eiteafón, eitiléin, úsc as crann tae, iarmhair ó dhriogadh saille, aigéid shailleacha C7 go C20, fluocsastróibin, fluraclóradón, foilpéad, foirmeiteanáit, aigéad gibriline, gibrilíní, próitéiní hidrealaithe, sulfáit iarainn, foisfíd maignéisiam, meatam, meatasaclór, meitríbhúisín, milbimeictin, feinmeideafam, pirimeafos-meitil, olaí planda/ola ráibe, olaí planda/ola cartlainne garraí, própamacarb, prócuineaisíd, próitiaconasól, comhdhúile pireatraim, gaineamh grianchloiche, ola éisc, éarthaigh bholaidh de thionscnamh ainmhí nó planda/saill caoireola, S-meitileaclór, fearamóin léipidipteire Slabhra Dhírigh, sulcaitrí-ón, teabúconasól agus úiré (IO L 133, 10.5.2022, lch. 1).

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Márta 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

| Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht (1) | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|
| Ola éisc<br>Uimhir CAS: 8016-13-5<br>Uimhir CIPAC: 918 | Ní bhaineann le hábhar | Íonacht íosta na substainte gníomhaí mar a mhonaraítear í: Ola éisc 100 %.<br>Céannacht na n-eisíontas ábhartha (ar cúis imní iad ó thaobh na tocsaineolaíochta, na héiceatocsaineolaíochta agus/nó an chomhshaoil de) sa tsubstaint ghníomhach mar a mhonaraítear í:<br>Uasleibhéil de réir Threoir 2002/32/CE ón gCoimisiún (2) le haghaidh na n-eisíontas seo a leanas, i gcomhréir le hola éisc ina bhfuil cion taise 12 %:<br>5 ng/kg den tsuim de dhébheinsi-paraidhé-ocsainí polaclóirínithe (PCDDanna) agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDFanna) (3)<br>20 ng/kg den tsuim de dhébheinsi-paraidhé-ocsainí polaclóirínithe (PCDDanna), débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDFanna) agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsaineacha (PCBanna) (4)<br>0,5 mg/kg mearcair<br>2 mg/kg caidmiam<br>10 mg/kg luaidhe<br>175 µg/kg de PCBanna neamh-dhé-ocsaineacha | an 1 Márta 2023 | an 28 Feabhra 2038 | Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le hola éisc, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.<br>Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí. |

(1) Leis an tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le céannacht agus sonraíocht na substainte gníomhaí.
(2) Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbia ainmhithe (IO L 140, 30.5.2002, lch. 10).
(3) Arna shloinneadh i gcoibhéisí tocsaineacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS).
(4) Arna shloinneadh i gcoibhéisí tocsaineacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS).

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 248 maidir le hola éisc,

(2) i gCuid D, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

| Uimh. | Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais | Ainm IUPAC | Íonacht ([1]) | Dáta formheasa | Dul in éag an fhormheasa | Forálacha sonracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| "41 | Ola éisc<br>Uimhir CAS: 8016-13-5<br>Uimhir CIPAC: 918 | Ní bhaineann le hábhar | Íonacht íosta na substainte gníomhaí mar a mhonaraítear í: Ola éisc 100 %<br><br>Céannacht na n-eisíontas ábhartha (ar cúis imní iad ó thaobh na tocsaineolaíochta, na héiceatocsaineolaíochta agus/nó an chomhshaoil de) sa tsubstaint ghníomhach mar a mhonaraítear í:<br><br>Uasleibhéil de réir Threoir 2002/32/CE ón gCoimisiún ([2]) le haghaidh na n-eisíontas seo a leanas, i gcomhréir le hola éisc ina bhfuil cion taise 12 %:<br><br>5 ng/kg den tsuim de dhébheinsi-paraidhé-ocsainí polaclóirínithe (PCDDanna) agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDFanna) ([3])<br><br>20 ng/kg den tsuim de dhébheinsi-paraidhé-ocsainí polaclóirínithe (PCDDanna), débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDFanna) agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsaineacha (PCBanna) ([4])<br><br>0,5 mg/kg mearcair<br><br>2 mg/kg caidmiam<br><br>10 mg/kg luaidhe<br><br>175 µg/kg de PCBanna neamh-dhé-ocsaineacha | an 1 Márta 2023 | an 28 Feabhra 2038 | Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le hola éisc, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi.<br><br>Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí. |

([1]) Leis an tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le céannacht agus sonraíocht na substainte gníomhaí.
([2]) Treoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Bealtaine 2002 maidir le substaintí neamh-inmhianaithe i mbia ainmhithe (IO L 140, 30.5.2002, lch. 10).
([3]) Arna shloinneadh i gcoibhéisí tocsaineacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS).
([4]) Arna shloinneadh i gcoibhéisí tocsaineacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS)."

# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2306 ÓN gCOIMISIÚN

**an 23 Samhain 2022**

**lena ndeonaítear maoluithe do Bhallstáit áirithe i ndáil le tarchur staidrimh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le staidreamh maidir le saoráidí cúraim sláinte, acmhainní daonna cúraim sláinte agus úsáid cúraim sláinte**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8341)*

**(Is iad na téacsanna sa tSeicis, san Ollainnis, sa Bhéarla, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, sa Ghaeilge, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis atá barántúil agus na téacsanna sin amháin)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le staidreamh Comhphobail i dtaca leis an tsláinte phoiblí agus i dtaca leis an tsláinte agus leis an tsábháilteacht ag an obair ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint do na hiarrataí a rinne Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cipire, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin agus Ríocht na Sualainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008, féadfar, más gá, maoluithe agus idirthréimhsí a ghlacadh le haghaidh na mBallstát, ar choinníoll go bhfuil siad bunaithe ar fhorais oibiachtúla.

(2) Léiríonn an fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil don Choimisiún gurb é is cúis leis na hiarrataí ar mhaoluithe go bhfuil gá le hoiriúnuithe móra ar na córais náisiúnta riaracháin agus staidrimh chun Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008 a chomhlíonadh go hiomlán.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart na maoluithe sin a dheonú do Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cipire, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin agus Ríocht na Sualainne, arna iarraidh sin dóibh.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, a bunaíodh le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 70.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí atá faoi réir na rúndachta staidrimh a tharchur chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Deonaítear maoluithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad do na Ballstáit a liostaítear inti.

*Airteagal 2*

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cipire, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Paolo GENTILONI
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

**Maoluithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1338/2008, arna chur chun feidhme ag an gCoimisiún, maidir le saoráidí cúraim sláinte, acmhainní daonna cúraim sláinte agus úsáid cúraim sláinte**

Chun críoch an bhailithe sonraí, deonófar na maoluithe seo a leanas:

Ní cheanglófar ar an tSeicia, Éire, an Spáinn, an Chipir, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil ná an Rómáin sonraí a chur ar fáil maidir leis na hathróga a shonraítear i dTábla 1, ná, i gcás ina léirítear sin, maidir le miondealú na n-athróg, le haghaidh na mblianta tagartha a shonraítear ann. I gcás nach bhfuil gá le cumhdach iomlán, míneofar na diallais ón gcumhdach iomlán sna meiteashonraí tagartha.

*Tábla 1*

| Ballstát | Athróg/miondealú | Na blianta tagartha a chumhdaítear leis an maolú |
|---|---|---|
| An tSeicia | Tír chónaithe na neamhchónaitheoirí a scaoileadh amach maidir leis na hathróga seo a leanas:<br>6.1 An líon othar cónaitheach a scaoileadh amach as an ospidéal<br>6.2 An líon laethanta leapa othar cónaitheach in ospidéal<br>6.3 An líon cásanna lae a scaoileadh amach as an ospidéal | 2023-2024 |
| An tSeicia | 7.10 Eisceadh páirteach faireoige mamaí<br>7.11 Maisteachtóime iomlán | 2023-2024 |
| Éire | Cumhdach iomlán na n-athróg seo a leanas (tá gá le cumhdach páirteach):<br>6.1 An líon othar cónaitheach a scaoileadh amach as an ospidéal<br>6.2 An líon laethanta leapa othar cónaitheach in ospidéal<br>6.3 An líon cásanna lae a scaoileadh amach as an ospidéal | 2023-2024 |
| An Spáinn | Na haoisghrúpaí "65-74" agus "75 nó níos sine" maidir leis an athróg seo a leanas:<br>1.1 An líon lianna i mbun cleachtais de réir aoise agus de réir inscne | 2021-2023 |
| An Chipir | Cumhdach iomlán na n-athróg uile in Iarscríbhinn II (tá gá le cumhdach páirteach) | 2021-2022 |
| Lucsamburg | Athróga 1.1-1.6 faoi Shonraí maidir le Fostaíocht Sláinte | 2023 |
| An Ísiltír | Cumhdach iomlán na n-athróg faoi phointe 6. Sonraí maidir le Cúram Ospidéil (tá gá le cumhdach páirteach) | 2023 |
| An Ostair | 5.1 Ráta imdhíonta daoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine in aghaidh an fhliú | 2021-2022 |
| An Phortaingéil | 1.1 An líon lianna i mbun cleachtais de réir aoise agus de réir inscne<br>1.2 An líon lianna i mbun cleachtais de réir catagóire<br>1.3 An líon cnáimhseach atá i mbun cleachtais<br>1.4 An líon altraí atá i mbun cleachtais<br>1.5 An líon fiaclóirí atá i mbun cleachtais | 2023-2025 |

| Ballstát | Athróg/miondealú | Na blianta tagartha a chumhdaítear leis an maolú |
|---|---|---|
| An Phortaingéil | 2.4 An líon céimithe cnáimhseachais<br><br>3.1 An líon leapacha ospidéil le haghaidh cúram sómatach; feidhm “Cúram fadtéarmach”<br><br>3.3 An líon leapacha i saoráidí cúraim fhadtéarmaigh cónaithe Athróga faoi phointe 4. Sonraí maidir le Feistí Íomháithe Leighis.<br><br>5.2 Ráta na mban idir 50 agus 69 mbliana d’aois a ndearnadh scagthástáil le haghaidh ailse chíche orthu laistigh de chlár náisiúnta scagthástála ailse cíche (mamagrafaíocht)<br><br>5.3 Ráta na mban idir 20 agus 69 mbliana d’aois a ndearnadh scagthástáil ailse cheirbheacs orthu laistigh de chlár náisiúnta scagthástála ailse ceirbheacs | 2021-2023 |
| An Phortaingéil | Réigiún NUTS2 áit chónaithe an othair a scaoileadh amach as an ospidéal maidir leis na hathróga seo a leanas:<br><br>6.1 An líon othar cónaitheach a scaoileadh amach as an ospidéal<br><br>6.2 An líon laethanta leapa othar cónaitheach in ospidéal<br><br>6.3 An líon cásanna lae a scaoileadh amach as an ospidéal | 2023-2025 |
| An Phortaingéil | Cumhdach iomlán na n-athróg seo a leanas (tá gá le cumhdach páirteach):<br><br>7.1 Máinliacht cataractha<br><br>7.2 Céislíneachtóime<br><br>7.3 Angaplaiste chorónach thraslúmanach<br><br>7.4 Nódú seach-chonaire artaire chorónaigh<br><br>7.5 Colaicisteachtóime<br><br>7.6 Deisiú na heirne bléiní<br><br>7.8 Athchur cromáin<br><br>7.9 Athchur iomlán glúine<br><br>7.10 Eisceadh páirteach faireoige mamaí<br><br>7.11 Maisteachtóime iomlán | 2023-2025 |
| An Rómáin | 1.3 An líon cnáimhseach atá i mbun cleachtais | 2021 |

Deonófar maoluithe don Bheilg, don Ghréig, don Spáinn, don Fhrainc, do Lucsamburg agus don tSualainn maidir leis an sprioc-am chun sonraí a chur ar fáil i dtaca leis na hathróga i dTábla 2 agus na meiteashonraí tagartha i gcás ina sonraítear sin.

*Tábla 2*

| Ballstát | Athróg | Sprioc-am nua | Na blianta tagartha a chumhdaítear leis an maolú |
|---|---|---|---|
| An Bheilg | 5.2 Ráta na mban idir 50 agus 69 mbliana d'aois a ndearnadh scagthástáil le haghaidh ailse chíche orthu laistigh de chlár náisiúnta scagthástála ailse cíche (mamagrafaíocht)<br>5.3 Ráta na mban idir 20 agus 69 mbliana d'aois a ndearnadh scagthástáil ailse cheirbheacs orthu laistigh de chlár náisiúnta scagthástála ailse ceirbheacs | Am+26 mhí | 2021-2024 |
| An Ghréig | Athróga faoi phointe 1. Sonraí maidir le Fostaíocht Sláinte | Am+20 mí | 2023 |
| An Spáinn | Athróga faoi phointe 1. Sonraí maidir le Fostaíocht Sláinte agus meiteashonraí tagartha | Am+16 mhí | 2023 |
| An Spáinn | Athróga faoi phointí 2-5 d'Iarscríbhinn II, agus meiteashonraí tagartha | Am+16 mhí | 2021-2023 |
| An Fhrainc | 2.1 An líon céimithe leighis<br>2.2 An líon céimithe fiaclóireachta<br>2.3 An líon céimithe cógaisíochta | Am+21 mhí | 2021-2023 |
| Lucsamburg | Athróga faoi phointe 6. Sonraí maidir le Cúram Ospidéil agus 7. Sonraí maidir le Gnáthaimh Mháinliachta | Am+38 mí | 2023 |
| Lucsamburg | Athróga faoi phointe 6. Sonraí maidir le Cúram Ospidéil agus 7. Sonraí maidir le Gnáthaimh Mháinliachta | Am+26 mhí | 2024 |
| An tSualainn | Athróga faoi phointe 1. Sonraí maidir le Fostaíocht Sláinte | Am+21 mhí | 2023-2024 |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2307 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23 Samhain 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179 a mhéid a bhaineann le bandaí minicíochta 5 150-5 250 MHz, 5 250-5 350 MHz agus 5 470-5 725 MHz a ainmniú agus a chur ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha teicniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 8313)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 676/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála don bheartas speictrim raidió sa Chomhphobal Eorpach (an Cinneadh maidir le Speictream Raidió) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179 ón gCoimisiún ([2]), comhchuibhíodh úsáid speictrim raidió i mbanda 5 GHz (5 150-5 350 MHz agus 5 470-5 725 MHz) le haghaidh córas rochtana gan sreang lena n-áirítear líonraí achair logánta raidió. Ba é Tuarascáil 79 ó Chomhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide ("CEPT") bunús teicniúil leis an gCinneadh seo.

(2) I mí Feabhra 2022, d'iarr tionscal gluaisteán na hEorpa ar an gCoimisiún a léirmhíniú ar fhorálacha áirithe de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179 a dheimhniú maidir le cásanna úsáide WAS/RLAN i mbanda minicíochta 5 GHz i bhfeithiclí bóthair. I litir dar dáta an 29 Márta 2022, thug an Coimisiún sainordú do CEPT staidéar a dhéanamh ar chásanna úsáide WAS/RLAN 5 GHz i bhfeithiclí bóthair arna sainaithint ag an tionscal gluaisteán i gcomhthéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179.

(3) I gcomhréir leis an litir shainordúcháin sin, thug CEPT freagairt an 29 Meitheamh 2022 lenar comhlánaíodh Tuarascáil 79 trí athruithe a mholadh ar na coinníollacha teicniúla do bhanda 5 470-5 725 MHz chun úsáid theoranta ghairis WAS/RLAN i bhfeithiclí bóthair a chumasú, eadhon nuair a bhíonn na gairis sin ag oibriú i mód sclábhánta agus nuair a rialaítear iad le gaireas seasta atá ag oibriú sa mháistirmhód agus a bhraitheann comharthaí radair trí theicníc mhaolúcháin maidir le Roghnúchán Minicíochta Dinimiciúil (DFS). I bhfianaise na freagartha sin, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart oibriú ghairis suiteáilte WAS/RLAN i mód sclábhaithe a cheadú i bhfeithiclí bóthair ar choinníoll nach dtarchuireann siad ach amháin nuair atá siad faoi rialú ghaireas seasta WAS/RLAN ag a bhfuil feidhmiúlacht DFS atá ag oibriú sa mháistirmhód.

(4) Níor mhol CEPT aon athrú ina fhreagairt a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha teicniúla do WAS/RLANanna i mbanda 5 250-5 350 MHz. De réir CEPT, níor cheart oibriú shuiteálacha WAS/RLAN i bhfeithiclí bóthair a cheadú sa bhanda sin, ós rud é nach bhfuil aon mhodh praiticiúil i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil feithiclí bóthair suite go héifeachtach laistigh agus go bhfuil oibriú shuiteálacha WAS/RLAN i bhfeithiclí bóthair teoranta d'úsáid laistigh dá bharr sin. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid bhanda 5 250-5 350 MHz fanacht "laistigh amháin" chun trasnaíocht dhíobhálach do sheirbhísí atá sa bhanda sin cheana a sheachaint. Ní mheastar gur feithiclí bóthair iad feithiclí speisialaithe atá beartaithe a oibriú laistigh amháin.

([1]) IO L 108, 24.4.2002, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2022 maidir le comhchuibhiú úsáid speictrim raidió i mbanda minicíochta 5 GHz le haghaidh cur chun feidhme córas rochtana gan sreang lena n-áirítear líonraí achair logánta raidió agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/513/CE (IO L 29, 10.2.2022, lch. 10).

(5) Tá banda 5 150-5 250 MHz ar fáil cheana féin lena úsáid laistigh ag gairis WAS/RLAN lena n-áirítear oibriú shuiteálacha WAS/RLAN laistigh d'fheithiclí bóthair ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179.

(6) Is féidir na heilimintí atá i bhfreagairt CEPT ar litir shainordúcháin an Choimisiúin a úsáid mar bhonn leis an gCinneadh seo.

(7) Leis an gCinneadh seo, ba cheart cur leis na prionsabail agus leis na forálacha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179 agus iad a fhorbairt.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um an Speictream Raidió,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/179 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

"Faoin 30 Meitheamh 2023, ainmneoidh na Ballstáit bandaí minicíochta 5 150-5 250 MHz, 5 250-5 350 MHz agus 5 470-5 725 MHz agus cuirfidh siad ar fáil iad, ar bhonn neamheisiach, le haghaidh cur chun feidhme WAS/RLANanna i gcomhréir leis na coinníollacha teicniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn.",

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Thierry BRETON
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN*

**Coinníollacha teicniúla comhchuibhithe le haghaidh WAS/RLANanna i mbandaí minicíochta 5 150-5 250 MHz, 5 250-5 350 MHz agus 5 470-5 725 MHz**

*Tábla 1*

**WAS/RLANanna i mbanda minicíochta 5 150-5 250 MHz**

| Paraiméadar | Coinníollacha teicniúla |
|---|---|
| Banda minicíochta | 5 150-5 250 MHz |
| Oibriú incheadaithe | Úsáid laistigh, lena n-áirítear suiteálacha laistigh d'fheithiclí bóthair, traenacha agus aerárthaí, agus úsáid lasmuigh theoranta (nóta 1).<br>Tá an úsáid i measc córais aerárthaí gan foireann ("UAS") teoranta do laistigh de bhanda 5 170-5 250 MHz. |
| An mheánchumhacht choibhéiseach radaithe go hiseatrópach (e.i.r.p.) uasta le haghaidh astaíochtaí laistigh den bhanda | 200 mW<br>Eisceachtaí:<br>— Tá feidhm ag an meánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach 40 mW maidir le suiteálacha laistigh de charráistí traenach a bhfuil meánchaillteanas maolúcháin níos lú ná 12 dB ag baint leo,<br>— Tá feidhm ag an meánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach 40 mW maidir le suiteálacha laistigh d'fheithiclí bóthair. |
| Dlús na meánchumhachta coibhéisí uasta radaithe go hiseatrópach le haghaidh astaíochtaí laistigh den bhanda | 10 mW/MHz laistigh d'aon bhanda 1 MHz |

Nóta 1: Má úsáidtear lasmuigh é, ní chuirfear trealamh i gceangal le haeróg dho-aistrithe lasmuigh, le bonneagar do-aistrithe nó le cabhail sheachtrach feithiclí bóthair.

Bainfear úsáid as teicnící chun rochtain a fháil ar speictream agus trasnaíocht a mhaolú lena soláthraítear leibhéal iomchuí feidhmíochta chun ceanglais riachtanacha Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) a chomhlíonadh. I gcás ina dtugtar tuairisc ar theicnící ábhartha i gcaighdeáin chomhchuibhithe nó i gcodanna díobh ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Treoir 2014/53/AE, áiritheofar feidhmíocht atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal feidhmíochta a bhaineann leis na teicnící sin.

*Tábla 2*

**WAS/RLANanna i mbanda minicíochta 5 250-5 350 MHz**

| Paraiméadar | Coinníollacha teicniúla |
|---|---|
| Banda minicíochta | 5 250-5 350 MHz |
| Oibriú incheadaithe | Úsáid laistigh: laistigh d'fhoirgnimh amháin.<br>Ní cheadaítear suiteálacha i bhfeithiclí bóthair, traenacha agus aerárthaí (nóta 2).<br>Ní cheadaítear úsáid lasmuigh. |
| An mheánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach le haghaidh astaíochtaí laistigh den bhanda | 200 mW |
| Dlús na meánchumhachta coibhéisí uasta radaithe go hiseatrópach le haghaidh astaíochtaí laistigh den bhanda | 10 mW/MHz laistigh d'aon bhanda 1 MHz |

([1]) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE *(IO L 153, 22.5.2014, lch. 62)*.

| | |
|---|---|
| Teicnící maolúcháin atá le húsáid | Rialú cumhachta tarchuradóra (TPC) agus roghnúchán minicíochta dinimiciúil (DFS).<br>Féadfar teicnící maolúcháin malartacha a úsáid má áirithítear leo leibhéal feidhmíochta agus leibhéal cosanta speictrim atá coibhéiseach ar a laghad chun ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha Threoir 2014/53/AE a chomhlíonadh agus má dhéantar ceanglais theicniúla an Chinnidh seo a urramú leo. |
| Rialú cumhachta tarchuradóra (TPC) | Le TPC, soláthrófar fachtóir maolúcháin 3 dB ar a laghad, ar an meán, ar uaschumhacht aschurtha na gcóras is incheadaithe, nó, mura bhfuil rialú cumhachta tarchuradóra á úsáid, laghdófar an mheánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach is incheadaithe agus an teorainn le dlús comhfhreagrach na meánchumhachta coibhéisí radaithe go hiseatrópach 3 dB. |
| Roghnúchán minicíochta dinimiciúil (DFS) | Tugtar tuairisc ar DFS i Moladh M. 1652-1 ó ITU-R ([2]) chun oibriú atá comhoiriúnach le córais rad-aimsithe a áirithiú.<br>Le sásra DFS, áiritheofar gurb ionann an dóchúlacht go roghnófaí cainéal ar leith le haghaidh gach cainéal atá ar fáil laistigh de bhandaí 5 250-5 350 MHz agus 5 470-5 725 MHz. Áiritheofar freisin le sásra DFS, ar an meán, leathadh ualaigh atá beagnach aonfhoirmeach i ndáil leis an speictream.<br>Cuirfear roghnúchán minicíochta dinimiciúil chun feidhme i WAS/RLANanna lena soláthrófar maolú ar thrasnaíocht ar radar atá chomh héifeachtúil ar a laghad le DFS ar a dtugtar tuairisc i gCaighdeán ETSI EN 301 893 V2.1.1. Socruithe (crua-earraí agus/nó bogearraí) WAS/RLANanna a bhaineann le DFS, ní bheidh rochtain ag an úsáideoir orthu sin más rud é nach mbeidh WAS/RLANanna i gcomhréir le ceanglais DFS a thuilleadh de thoradh na socruithe sin a athrú. Áirítear leis sin (a) gan cead a thabhairt don úsáideoir an tír oibriúcháin agus/nó an banda minicíochta oibriúcháin a athrú más rud é nach mbeidh an trealamh i gcomhréir le ceanglais DFS dá thoradh sin agus (b) gan glacadh le bogearraí agus/nó dochtearraí a fhágann nach mbeidh an trealamh i gcomhréir le ceanglais DFS a thuilleadh. |

Nóta 2: Suiteálacha WAS/RLANanna a oibriú in aerárthaí móra ([3]) (seachas héileacaptair il-inneall), ceadaítear é sin go dtí an 31 Nollaig 2028 le meánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach 100 mW le haghaidh astaíochtaí laistigh den bhanda.

Bainfear úsáid as teicnící chun rochtain a fháil ar speictream agus trasnaíocht a mhaolú lena soláthraítear leibhéal iomchuí feidhmíochta chun ceanglais riachtanacha Threoir 2014/53/AE a chomhlíonadh. I gcás ina dtugtar tuairisc ar theicnící ábhartha i gcaighdeáin chomhchuibhithe nó i gcodanna díobh ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Treoir 2014/53/AE, áiritheofar feidhmíocht atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal feidhmíochta a bhaineann leis na teicnící sin.

*Tábla 3*

**WAS/RLANanna i mbanda minicíochta 5 470-5 725 MHz**

| Paraiméadar | Coinníollacha teicniúla |
|---|---|
| Banda minicíochta | 5 470-5 725 MHz |
| Oibriú incheadaithe | Úsáid laistigh agus lasmuigh.<br>Ní cheadaítear suiteálacha i bhfeithiclí bóthair ach amháin le haghaidh gairis WAS/RLANanna atá ag oibriú i mód ([4]) sclábhánta a rialaítear le gaireas seasta WAS/RLAN ag a bhfuil feidhmiúlacht DFS atá ag oibriú sa mháistirmhód. Ní cheadaítear suiteálacha i dtraenacha agus in aerárthaí ná úsáid le haghaidh UAS (nóta 3). |

([2]) Moladh M. 1652-1 ó ITU-R, "Roghnúchán minicíochta dinimiciúil i gcórais rochtana gan sreang lena n-áirítear líonraí achair logánta raidió chun an tseirbhís rad-aimsithe i mbanda 5 GHz a chosaint"

([3]) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún, ciallaíonn aerárthach mór aerárthach a aicmítear mar eitleán ag a bhfuil uasmhais éirí de thalamh níos mó ná 5 700 kg, nó héileacaptar il-inneall. Eisiatar héileacaptair il-inneall, áfach, ó raon feidhme nótaí 2 agus 3.

([4]) Sainmhínítear mód sclábhánta agus máistirmhód in EN 301 893 V2.1.1.

| | |
|---|---|
| An mheánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach le haghaidh astaíochtaí laistigh den bhanda | 1 W<br>Eisceachtaí:<br>— Tá feidhm ag an meánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach 200 mW maidir le suiteálacha i bhfeithiclí bóthair. |
| Dlús na meánchumhachta coibhéisí uasta radaithe go hiseatrópach le haghaidh astaíochtaí laistigh den bhanda | 50 mW/MHz laistigh d'aon bhanda 1 MHz |
| Teicnící maolúcháin atá le húsáid | Rialú cumhachta tarchuradóra (TPC) agus roghnúchán minicíochta dinimiciúil (DFS).<br>Féadfar teicnící maolúcháin malartacha a úsáid má áirithítear leo leibhéal feidhmíochta agus leibhéal cosanta speictrim atá coibhéiseach ar a laghad chun ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha Threoir 2014/53/AE a chomhlíonadh agus má dhéantar ceanglais theicniúla an Chinnidh seo a urramú leo. |
| Rialú cumhachta tarchuradóra (TPC) | Le TPC, soláthrófar fachtóir maolúcháin 3 dB ar a laghad, ar an meán, ar uaschumhacht aschurtha na gcóras is incheadaithe, nó, mura bhfuil rialú cumhachta tarchuradóra á úsáid, laghdófar an mheánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach is incheadaithe agus an teorainn le dlús comhfhreagrach na meánchumhachta coibhéisí radaithe go hiseatrópach 3 dB. |
| Roghnúchán minicíochta dinimiciúil (DFS) | Tugtar tuairisc ar DFS i Moladh M. 1652-1 ó ITU-R chun oibriú atá comhoiriúnach le córais rad-aimsithe a áirithiú.<br>Le sásra DFS, áiritheofar gurb ionann an dóchúlacht go roghnófaí cainéal ar leith le haghaidh gach cainéal atá ar fáil laistigh de bhandaí 5 250-5 350 MHz agus 5 470-5 725 MHz. Áiritheofar freisin le sásra DFS, ar an meán, leathadh ualaigh atá beagnach aonfhoirmeach i ndáil leis an speictream.<br>Cuirfear roghnúchán minicíochta dinimiciúil chun feidhme i WAS/RLANanna lena soláthrófar maolú ar thrasnaíocht ar radar atá chomh héifeachtúil ar a laghad le DFS ar a dtugtar tuairisc i gCaighdeán ETSI EN 301 893 V2.1.1. Socruithe (crua-earraí agus/nó bogearraí) WAS/RLANanna a bhaineann le DFS, ní bheidh rochtain ag an úsáideoir orthu sin más rud é nach mbeidh WAS/RLANanna i gcomhréir le ceanglais DFS a thuilleadh de thoradh na socruithe sin a athrú. Áirítear leis sin (a) gan cead a thabhairt don úsáideoir an tír oibriúcháin agus/nó an banda minicíochta oibriúcháin a athrú más rud é nach mbeidh an trealamh i gcomhréir le ceanglais DFS dá thoradh sin agus (b) gan glacadh le bogearraí agus/nó dochtearraí a fhágann nach mbeidh an trealamh i gcomhréir le ceanglais DFS a thuilleadh. |

Nóta 3: Suiteálacha WAS/RLANanna a oibriú in aerárthaí móra (seachas héileacaptair il-inneall), seachas i mbanda minicíochta 5 600 – 5 650 MHz, ceadaítear é sin go dtí an 31 Nollaig 2028 le meánchumhacht choibhéiseach uasta radaithe go hiseatrópach 100 mW le haghaidh astaíochtaí laistigh den bhanda.

Bainfear úsáid as teicnící chun rochtain a fháil ar speictream agus trasnaíocht a mhaolú lena soláthraítear leibhéal iomchuí feidhmíochta chun ceanglais riachtanacha Threoir 2014/53/AE a chomhlíonadh. I gcás ina dtugtar tuairisc ar theicnící ábhartha i gcaighdeáin chomhchuibhithe nó i gcodanna díobh ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le Treoir 2014/53/AE, áiritheofar feidhmíocht atá coibhéiseach ar a laghad leis an leibhéal feidhmíochta a bhaineann leis na teicnící sin."

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA